An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# Tuarascáil Bhliantúil 2015/2016



TAIGHDE
CLEACHTADH MACHNAMHACH
CAIDRIMH

# 2015-2016: Roghbhlúire

Bhí **91,804** múinteoir cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta





Rinne **76%** de mhúinteoirí athnuachan ar a gclárú ar líne

**150,000**



LÍON NA nUAIREANTA A BAINEADH ÚSÁID AS AN ÁIS **CUARDAIGH AN CLÁR**

**336** Scoil a bhí rannpháirteach in ***DROICHEAD***



Roinn **1,600** múinteoirí agus páirtithe leasmhara eile a gcuid tuairimí maidir le **Cosán**

Bhí os cionn **611,000** cuairteoir ar láithreán gréasáin na Comhairle



Rinneadh **53,420** cuardach ar **EBSCO**

# Brollach



**Gerry Quinn**
*Cathaoirleach*

**Déanann an tuarascáil bhliantúil seo cur síos ar obair na Comhairle Múinteoireachta idir 28 Márta 2015 agus 27 Márta 2016.**

Is mór an onóir dom a bheith tofa mar Chathaoirleach ar an gComhairle Mhúinteoireachta. Ar dtús, ba mhaith liom an deis seo a thapú le buíochas a ghabháil leis an Iarchathaoirleach, Micheál Ó Gríofa, as a chuid sároibre agus tiomantais le ceithre bliana anuas. Ba mhaith liom chomh maith leis sin fáilte a chur roimh bhaill nua na Comhairle. Tá mé cinnte go ngabhfaidh a ndearcadh agus a dtuairimí chun tairbhe na heagraíochta.

### Múinteoirí sa tSochaí

Tá sé deacair gan béim a leagan ar an ionchur a bhíonn ag múinteoirí inár sochaí gach lá. Gach lá, freastalaíonn beagnach 1 mhilliún scoláire ar 4,000 scoil le bheith múinte ag múinteoirí. Cuireann múinteoirí a gcuid eolais agus scileanna ar fáil freisin i réimse na foghlama ar feadh an tsaoil.

Creideann tuismitheoirí agus caomhnóirí i gcumhacht oideachas na hÉireann agus sna múinteoirí a bhíonn ag obair inár scoileanna. Cuirtear muinín sna múinteoirí agus an fhreagracht mhór atá orthu chun cuidiú lena scoláirí a ullmhú don saol mar shaoránaigh oilte agus barr a gcumais dhearfaigh a bhaint amach mar dhaoine.

In Éirinn, caitheann gach saoránach ar an meán 14,000 uair an chloig dá gcuid saoil le múinteoirí á múineadh. Níl aon ghairm eile ann ina bhfuil éifeacht chomh domhain ná chomh fada sin ar fholláine agus dul chun cinn gach duine. Tugann FÉILTE (Féile Oideachais um Barrfheabhas Foghlama agus Teagaisc) de chuid na Comhairle a bhíonn ar siúl gach bliain, a reáchtáiltear le Lá Domhanda na Múinteoirí a cheiliúradh, spléachadh dúinn den nuálaíocht agus tiomantas thar na bearta i dtreo na foghlama agus an teagaisc a bhíonn ar siúl inár scoileanna gach lá.

### Feidhmiúlacht chun Múineadh

Is sprioc thábhachtach eile í tosach feidhme le Feidhmiúlacht chun Múineadh i mbliana (Cuid 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta) in aistear an teagaisc fheabhsaithe agus na foghlama feabhsaithe atá á stiúradh ag an ngairm tríd an gComhairle Mhúinteoireachta.

Mar thoradh ar an bhforbairt seo leagtar béim ar an ngá atá ann le hAlt 28 den Acht Oideachais 1998 a chur i bhfeidhm. Dá ndéanfaí é seo, chinnteofaí go mbeadh creatlach reachtúil ag na gearáin a d'fhéadfaí a réiteach ag an leibhéal áitiúil agus ina mbeifí in ann iad a phróiseáil.

Mar an comhlacht caighdeán gairmiúla don teagasc, beidh an Chomhairle Mhúinteoireachta i bhfeighil an phróisis nua seo mar chuid dá sainchúram leathan leis an ngairm a chur chun cinn agus a rialáil.


Tá déshainordú ag an gComhairle sa dlí an ghairm a chur chun cinn agus a rialáil. Léirítear é seo i réimse a feidhmeanna reachtúla, lena n-áirítear comhairle a chur ar na critéir iontrála, athbhreithniú agus creidiúnú a dhéanamh ar na cláir um Oideachas Tosaigh Múinteoirí, ionduchtú agus promhadh, agus foghlaim múinteoirí.

Mar Chathaoirleach na Comhairle Múinteoireachta, tá tuiscint ar leith agam maidir leis na dúshláin atá romhainn lena chinntiú go ndéantar gairm na múinteoireachta a chothabháil agus a fheabhsú. Creidim go bhfuil comhthoil ann i measc na bpáirtithe leasmhara lena chinntiú go mbíonn an tús is fearr agus is féidir ag na múinteoirí nuacháilithe ina ngairmeacha beatha. Tá baint ag an gComhairle ann i gcomhar leis na páirtithe leasmhara uile, agus táim ag tnúth le dul chun cinn a dhéanamh ar an obair thábhachtach seo le linn mo thréimhse oifige.

### Tiomantas

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le mo chomhaltaí de chuid na Comhairle as bhur dtiomantas leanúnach agus iarracht á déanamh le misean na Comhairle a chur i gcrích maidir leis an ngairmiúlacht a chur chun cinn agus an teagasc a rialáil ar mhaithe le leas an phobail.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh chomh maith leis an Stiúrthóir, bainistíocht agus baill foirne na Comhairle as ucht a gcuid saineolais agus oibre agus iad ag tacú leis an gComhairle.



**Gerry Quinn**, *Cathaoirleach*

# Tuairisc an Stiúrthóra



**Tomás Ó Ruairc**
*Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta*

**Is cúis mhór áthais dom bheith in ann Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle Múinteoireachta don bhliain tuairiscithe 2015/2016 a chur i láthair.**

Ba é seo bliain deiridh na Comhairle faoi chathaoirleacht Mhíchil Uí Ghríofa. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Micheál as maoirseacht a dhéanamh ar an gComhairle, agus bhí sé ann sular ceapadh mé mar Stiúrthóir. Thacaigh Micheál go hiomlán le cuspóirí na Comhairle leis na caighdeáin a chur chun cinn ar mhaithe leis an ngairm mhúinteoireachta agus leis an bpobal. Bhí sé gairmiúil i gcónaí lena chur chuige agus táim fíorbhuíoch de go pearsanta as ucht a chuid comhairle, treorach agus tacaíochta.

Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil le comhaltaí na Comhairle ar tháinig a dtréimhse oifige chun deiridh i mí an Mhárta 2016. Rinne siad ionchur an-mhór i ngairm na múinteoireachta; rinne siad maoirseacht, go háirithe, ar thús an chláraithe éigeantaigh do mhúinteoirí, creidiúnú an 70 clár uile den oideachas tosaigh múinteoirí, agus tosach feidhme le feidhmeanna reachtúla na Comhairle i dtaca leis an ionduchtú agus leis an bpromhadh. Is onóir agus freagracht í ballraíocht na Comhairle Múinteoireachta, agus is gá freastal ar líon cruinnithe agus ullmhú dóibh, agus is gá cur chuige comhoibríoch atá tacaithe le fianaise a bheith ag na comhaltaí. Is mian liom buíochas a ghlacadh leis na comhaltaí uile as ucht a n-ionchuir agus tiomantais, agus táim ag tnúth le bheith ag obair leis an gComhairle nua.

### Taighde

Aithníonn an Chomhairle go bhfuil taighde atá déanta ag an ngairm agus don ghairm riachtanach chun tacú le foghlaim agus cleachtadh múinteoirí. Is féidir linn a fheiceáil ón leibhéal ard a mbíonn baint ag múinteoirí le EBSCO (acmhainn ar líne a thugann rochtain do mhúinteoirí cláraithe ar irisleabhair, leabhair agus ailt), go bhfuil an-spéis ag múinteoirí i gcúrsaí taighde agus go bhfeiceann siad an fiúntas a bhaineann leis ina gcleachtadh gairmiúil laethúil.

Rinne an Chomhairle athbhreithniú ar a straitéis taighde i rith na bliana agus d'eagraigh siad Grúpa Rannpháirtíochta Taighde leis an gcur i bhfeidhm a chur chun cinn. Tháinig an grúpa le chéile líon uaireanta, forbraíodh an chéad ríomhiris taighde riamh de chuid na Comhairle, agus eagraíodh Researchmeet le haghaidh FÉILTE.

Tá ríthábhacht go straitéiseach leis na naisc idir cúrsaí taighde, polasaí agus cleachtaidh dúinn ar fad, agus táim ag súil go mór le leanúint ar aghaidh leis an dul chun cinn atá déanta againn i gcomhpháirtíocht le múinteoirí agus páirtithe leasmhara eile.

### Foghlaim múinteoirí

I rith na bliana tuairiscithe, thug an Chomhairle faoi chomhairliúchán an-mhór ar dhréachtchreatlach um fhoghlaim múinteoirí, nó forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL), ar a dtugtar Cosán. Is aitheantas é ón gComhairle leis an méid comhairliúcháin a rinneadh an tábhacht a bhaineann leis an obair seo do ghairm na múinteoireachta. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a ghlac an t-am lena gcuid tuairimí a chomhroinnt, ar bhealach amháin nó bealach eile. Is tríd an rannpháirtíocht den chineál seo amháin inar féidir le héifeacht an-tábhachtach a bheith ag múinteoirí ar an bhforbairt ar chaighdeáin ghairmiúla sa mhúinteoireacht.

### FÉILTE (Féile Oideachais um Barrfheabhas Foghlama agus Teagaisc)

Mhéadaigh an leibhéal spéise in FÉILTE arís i mbliana. Bhí níos mó ná 1,000 múinteoir agus ball den phobal a ghlac páirt san ócáid trí fhreastal ar an RDS, agus trí bheith rannpháirteach ar líne. Ar an lá bhí an chéad Teachmeet agus Researchmeet de chuid FÉILTE agus bhí mé an-tógtha leis an leibhéal rannpháirtíochta sna himeachtaí seo, agus spreagadh mé go mór leis an méid ionchuir a rinne na daoine úd a bhí rannpháirteach ar an lá. Tá an-dul chun cinn déanta le haghaidh FÉILTE 2016 agus táimid ag dúil go mór le lá iontach eile nuair a chuirfear an nuálaíocht agus an tiomantas atá i gcroílár na múinteoireachta in Éirinn os comhair an phobail.



**Tomás Ó Ruairc**, *Stiúrthóir*



# Clár an Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| **1** | Eolas faoin gComhairle Mhúinteoireachta | 8 |
| **2** | Cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach | 10 |
| **3** | An Clár Múinteoirí | 12 |
| **4** | Feabhas a chur ar chaighdeáin a bhaineann le hiompar agus cleachtadh gairmiúi | 14 |
| **5** | Teagasc, Foghlaim agus Taighde | 15 |
| **6** | An mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn | 18 |
| **7** | Eagraíocht éifeachtúil agus éifeachtach a fhorbairt agus a chothabháil | 21 |


## Aguisíní


| | | |
|---|---|---|
| **1** | Ráitis airgeadais | 24 |
| **2** | Comhaltaí na Comhairle Múinteoireachta | 39 |
| **3** | Coistí agus painéil | 40 |
| **4** | Costais chomhaltaí na Comhairle 2015 | 45 |

# 1 Eolas faoin gComhairle Mhúinteoireachta

**Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil i mí an Mhárta 2006. Is iad feidhmeanna reachtúla na Comhairle:**


- gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a rialáil
- caighdeáin teagaisc, eolais, oilteachta agus inniúlachta a chothabháil agus a fheabhsú
- clár múinteoirí a bhunú agus a chothabháil
- cód iompair ghairmiúil do mhúinteoirí a bhunú, a fhoilsiú, a athbhreithniú agus a chothabháil, a mbeidh caighdeáin teagaisc, eolais, oilteachta agus inniúlachta ar áireamh ann, agus
- forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí a chur chun cinn.

**Tá gach rud a dhéanann an Chomhairle ar deireadh thiar thall ag díriú ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim.**



## Taighde

Tá taighde a dhéanann múinteoirí agus do mhúinteoirí riachtanach chun tacú lena bhfoghlaim agus cleachtadh mar ghairmithe. Braitheann obair na Comhairle freisin ar an taighde leis na cinntí is fearr agus is féidir a dhéanamh ar mhaithe leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim.





## Caidrimh

*"Is é atá i gceist leis an bhfoghlaim ar fad caidrimh a thuiscint."*
(George Washington Carver)

Tagann beocht sa teagasc agus san fhoghlaim trí chaidrimh dhearfacha agus thairbheacha. Braitheann caighdeán obair na Comhairle ar chaighdeán na gcaidreamh a bhíonn aici le dreamanna eile.

## Cleachtadh machnamhach

Tá an cleachtadh machnamhach riachtanach do gach múinteoir, agus do mhúinteoirí mar phobal foghlama gairmiúla, le go mbeidh na gairmithe in ann na cinntí is fearr a dhéanamh ar mhaithe lena scoláirí. Tá sé ríthábhachtach le múinteoirí a chothú mar dhaoine agus mar ghairmithe chomh maith. Mar eagraíocht foghlama, glacann an Chomhairle páirt i gcleachtadh machnamhach freisin, chun cuidiú linn na cinntí is fearr a dhéanamh ar mhaithe leis an ngairm, na tuismitheoirí, daltaí agus pobal i gcoitinne.

## Comhaltas na Comhairle Múinteoireachta


**Tá 37 comhalta ar an gComhairle Mhúinteoireachta atá déanta suas díobh seo a leanas:**

- 11 mhúinteoir bunscoile, naonúr díobh atá tofa agus beirt díobh atá ainmnithe ag ceardchumainn múinteoirí
- 11 mhúinteoir iarbhunscoile, seachtar díobh atá tofa agus ceathrar díobh atá ainmnithe ag ceardchumainn múinteoirí
- beirt atá ainmnithe ag coláistí oideachais
- beirt atá ainmnithe ag comhlachtaí tríú leibhéal sonraithe
- ceathrar atá ainmnithe ag bainistíocht scoile (beirt ag leibhéal na bunscoile agus beirt ag leibhéal na hiarbhunscoile)
- beirt ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí (duine amháin ag leibhéal na bunscoile agus duine amháin ag leibhéal na hiarbhunscoile) agus
- cúigear atá ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna, lena n-áirítear duine amháin a dhéanann ionadaíocht do Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) agus duine amháin a dhéanann ionadaíocht do Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU).

## An fhoireann bainistíochta shinsearach

I rith na bliana tuairiscithe fuair an Chomhairle Mhúinteoireachta tacaíocht ina gcuid oibre ó fhoireann feidhmiúcháin. Ag deireadh na bliana tuairiscithe bhí 41.5 ball foirne, faoi stiúir foirne bainistíochta sinsearaí.

**Cairt Eagraíochtúil**



# 2 Cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach

**D'fhoilsigh an Chomhairle Mhúinteoireachta plean straitéiseach don tréimhse 2015-2017 i rith na bliana tuairiscithe.**

Sa phlean cuirtear treoir straitéiseach ar fáil sna réimsí clárúcháin, teagaisc, foghlama agus taighde, agus feidhmiúlacht chun múineadh, laistigh den chreatlach de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 go 2015.

Sa phlean leagadh amach ceithre sprioc straitéiseacha do 2015-2017:

1. Obair i gcomhar leis an ngairm, leis an bpobal agus leis an páirtithe leasmhara uile le cultúr foghlama comhroinnte a chur chun cinn ina spreagtar agus ina gcuirtear i bhfeidhm an taighde agus an príomhchleachtadh laistigh den suíomh seomra ranga;
2. Na príomhchaighdeáin d'oideachas agus cleachtadh múinteoirí a fhorbairt agus a chur chun cinn, agus a chinntiú go mbaintear na caighdeáin sin amach trí phróisis clárúcháin éifeachtacha;
3. Feabhsú i gcultúr na foghlama gairmiúla a stiúradh, lena n-áirítear creatlach náisiúnta um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach don mhúinteoireacht;
4. A chinntiú go ndéanann an fhorbairt a dhéantar ar na próisis Feidhmiúlacht chun Múineadh tuilleadh feabhais ar mhuinín an phobail sa ghairm.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith na bliana tuairiscithe leis na spriocanna seo a fhorbairt, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Obair i gcomhar leis an ngairm, leis an bpobal agus leis an páirtithe leasmhara uile le cultúr foghlama comhroinnte a chur chun cinn ina spreagtar agus ina gcuirtear i bhfeidhm an taighde agus an príomhchleachtadh laistigh den suíomh seomra ranga** | › D'fhoilsigh an Chomhairle a straitéis taighde athbhreithnithe i rith na bliana<br>› Eagraíodh Grúpa Rannpháirtíochta Taighde<br>› Cuireadh ríomhiris taighde ar ríomhphost chuig gach múinteoir cláraithe<br>› Reáchtáladh Researchmeet ag FÉILTE i mí Dheireadh Fómhair 2015<br>› Rinneadh 53,420 cuardach ar an EBSCO<br>› Reáchtáladh FÉILTE ar an 3 Deireadh Fómhair 2015 san RDS agus bhí tinreamh de os cionn 1,000 duine ann, múinteoirí agus an pobal i gcoitinne ina measc.<br>› Eagraíodh Lá Comhfhoghlama maidir le socrúchán scoile do scoileanna agus d'Institiúidí Ardoideachais i mí Eanáir 2016.. |
| **Na príomhchaighdeáin d'oideachas agus cleachtadh múinteoirí a fhorbairt agus a chur chun cinn, agus a chinntiú go mbaintear na caighdeáin sin amach trí phróisis clárúcháin éifeachtacha** | › Iontráladh 1,612 céimí nua agus 2,800 cláraitheoir nua eile ar an gClár i rith na bliana<br>› Cuireadh athbhreithniú ar an gclárú coinníollach de níos mó ná 7,200 múinteoir i gcrích<br>› Rinneadh Grinnfhiosrú den Gharda Síochána ar 9,378 múinteoir i rith na bliana<br>› Chuir Grúpa Oibre a bunaíodh le hiniúchadh a dhéanamh ar sholáthar múinteoirí a thuairisc deiridh faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna i mí na Nollag 2015<br>› Tugadh isteach córas nua le measúnú a dhéanamh ar cháilíochtaí fochéime do mhic léinn ar chláir MGO Iarbhunoideachais<br>› Choimisiúnaigh an Chomhairle an ITES taighde a dhéanamh i réimse na riachtanas iontrála. Bhí torthaí an taighde seo mar bhonn eolais de bhreithnithe agus comhairle na Comhairle a cuireadh faoi bhráid na Roinne Oideachais & Scileanna i rith na bliana tuairiscithe. |

| | |
|---|---|
| **Feabhsú i gcultúr na foghlama gairmiúla a stiúradh, lena n-áirítear creatlach náisiúnta um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach don mhúinteoireacht** | › Foilsíodh an chéad dréacht den chreatlach um fhoghlaim múinteoirí i rith na bliana<br>› D'imigh an Chomhairle i gcomhairle le líon mór múinteoirí agus páirtithe leasmhara eile, trí mheicníochtaí éagsúla, maidir leis an dréacht seo<br>› Chríochnaigh an chéim seo den chomhairliúchán i mí na Nollag 2015 agus rinneadh athbhreithniú ar an dréachtchreatlach bunaithe ar an aiseolas a fuarthas<br>› D'fhaomh an Chomhairle Mhúinteoireachta an chreatlach nuashonraithe i mí Feabhra 2016.<br>› Ba í an bhliain tuairiscithe an bhliain deiridh de thréimhse phíolótach trí bliana bunaithe ar dhréachtpholasaí Droichead a foilsíodh in 2012. Is é Droichead samhail ionduchtaithe na Comhairle do mhúinteoirí nuacháilithe. |
| **A chinntiú go ndéanann an fhorbairt a dhéantar ar na próisis Feidhmiúlacht chun Múineadh tuilleadh feabhais ar mhuinín an phobail sa ghairm** | › Lean an obair ar aghaidh i rith na bliana chun ullmhú a dhéanamh le Feidhmiúlacht chun Múineadh a thabhairt isteach<br>› Rinneadh leasuithe áirithe ar na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 go 2015 le go mbeadh Feidhmiúlacht chun Múineadh ar aon dul leis na próisis araíonachta de rialtóirí gairmiúla eile<br>› Earcaíodh baill foirne sa rannóg Caighdeán Gairmiúla. |



# 3 An Clár Múinteoirí



**Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta atá freagrach as baill ghairm na múinteoireachta a chlárú. Is é atá i gceist leis sin an Clár Múinteoirí a bhunú agus a chothabháil; caighdeáin iontrála don Chlár a shocrú; agus iarratais le bheith curtha leis an gClár a mheasúnú.**

Bhí 91,804 múinteoir ar an gClár ar an 27 Márta 2016. Is ionann sin agus méadú glan de 1,768 ar an mbliain roimhe sin. I rith na bliana chláraigh tuairim is 1,600 céimí nua ar an gClár, arb ionann agus laghdú sa líon i gcomparáid leis na blianta roimhe seo mar gheall ar thús a bheith curtha leis na cláir athchoincheaptha oideachas tosaigh múinteoirí. I rith na tréimhse seo d'fhág 2,636 múinteoir an Clár. Mar a bhí sna blianta roimhe seo agus i gcomhréir le gairm na múinteoireachta i dtíortha eile is mná iad tuairim is 77% de na múinteoirí atá cláraithe agus is fir iad 23% díobh.

### Alt 30

Ar an 28 Eanáir 2014, cuireadh tús feidhme le hAlt 30 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 go 2015. Ón dáta seo amach, ní mór do mhúinteoirí atá fostaithe i scoil aitheanta, agus a fhaigheann tuarastal atá maoinithe ag an Stát, a bheith cláraithe leis na gComhairle le go n-íocfaí tuarastal leo.

### Clárú a athnuachan

Ní foláir do mhúinteoirí cláraithe a gclárú a athnuachan gach bliain chun fanacht ar an gClár Múinteoirí.

Le linn na bliana, rinne 76% de na múinteoirí a gclárú a athnuachan ar líne.

Is é €65 an táille athnuachana clárúcháin agus is féidir faoiseamh ó cháin ioncaim a éileamh ina leith.

### Coinníollacha clárúcháin

Bronntar clárú coinníollach nuair nach bhfuil riachtanais chlárúcháin uile na Comhairle Múinteoireachta comhlíonta ag múinteoir ag an gcéad chlárú. Leagtar amach na coinníollacha a bhaineann le clárú múinteora, agus na modhanna agus sceidil chun tabhairt faoi na coinníollacha seo, don mhúinteoir nuair a chláraíonn sé nó sí. De ghnáth tugtar trí bliana do mhúinteoirí chun tabhairt faoina gcoinníollacha clárúcháin agus is féidir síneadh ama a lorg i gcásanna eisceachtúla.

I rith na bliana tuairiscithe chríochnaigh an Chomhairle le hathbhreithniú a dhéanamh ar na coinníollacha atá ceangailte le clárúchán de níos mó ná 7,200 múinteoir. Tar éis an athbhreithnithe d'imigh clárú de 89 múinteoir i léig toisc nár chomhlíon siad na riachtanais i leith na gcoinníollacha ceangailte lena gclárúcháin.

Rinneadh an próiseas seo a phríomhshruthú agus anois ó 2016/2017 rachfar i dteagmháil le múinteoirí a bhfuil coinníollacha atá le dul i léig ar bhonn míosúil.

### Rochtain ar fhaisnéis ar an gClár

Tá an Clár Múinteoirí ar fáil don phobal le hiniúchadh a dhéanamh air trí áis ar líne 'Cuardaigh an Clár' ar www.teachingcouncil.ie. Úsáideadh an áis seo tuairim is 150,000 uair i rith na bliana.

### Rialacháin Clárúcháin

Mar thoradh ar athruithe ar an reachtaíocht agus ar na nósanna imeachta, nuashonraigh agus d'fhaomh an Chomhairle Mhúinteoireachta Rialacháin [Clárú] na Comhairle Múinteoireachta 2009 sular cuireadh iad faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna leis an bhfaomhadh deiridh a fháil. Sna Rialacháin nua cuirtear na riachtanais um Ghrinnfhiosrú an Gharda Síochána san áireamh a eascraíonn as an Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin. Sna Rialacháin nua tá na riachtanais bhreise curtha san áireamh freisin maidir leis na cláir athchoincheaptha oideachas tosaigh múinteoirí a chreidiúnaigh an Chomhairle le blianta beaga anuas.

### Grinnfhiosrú an Gharda Síochána

Déanann an Chomhairle grinnfhiosrú múinteoirí a riar ar mhaithe le clárú agus fostaíocht.

Rinneadh an tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta a leasú i rith na bliana tuairiscithe ionas gur féidir leis an gComhairle Mhúinteoireachta na socruithe nua, atá de dhíth ar an Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012, a chur i bhfeidhm. Sa reachtaíocht tugtar isteach líon mór athruithe sa chaoi ina dtugtar faoi ghrinnfhiosrú an Gharda Síochána le haghaidh daoine atá ag obair le leanaí agus le daoine soghonta. Forbraíodh córas iarratais ar ghrinnfhiosrú an Gharda Síochána agus córas fógartha nochta ar líne agus déanfar é seo a sheoladh do mhúinteoirí agus d'iarratasóirí le haghaidh clárúcháin nuair a chuirtear tús feidhme leis an Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin.

Chuir 9,378 múinteoir san iomlán an próiseas um ghrinnfhiosrú an Gharda Síochána i gcrích i rith na bliana.

Tháinig Painéal Fianaise ar Charachtar de chuid na Comhairle le chéile naoi n-uaire agus rinne sé 33 nochtadh grinnfhiosrúcháin a mheas i dtaca le hiarratasóirí le haghaidh clárúcháin mar mhúinteoir i rith na bliana.

Rinneadh an tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 a leasú i mí Eanáir 2016 agus cuirfear tús feidhme leis i mí Aibreáin 2016.

### Soláthar múinteoirí

Cuireann an Chomhairle Mhúinteoireachta comhairle ar an Aire Oideachais agus Scileanna maidir le soláthar múinteoirí.

D'iarr an tAire roimhe seo, Ruairí Quinn TD, comhairle na Comhairle maidir le soláthar múinteoirí i gcóras scoile na hÉireann sna blianta amach romhainn. Bunaíodh Grúpa Oibre Teicniúil faoi chathaoirleacht Mr Ciarán Flynn (Iar-Ard-Rúnaí an ACCS) agus ar a bhfuil ionadaithe ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ón Údarás Ardoideachais agus ón gComhairle Mhúinteoireachta. Is í an tOllamh (Emeritus) Áine Hyland a bhí mar chomhairleoir oideachais don ghrúpa agus ba é an tOllamh Anthony Finn (iar-Príomhfheidhmeannach Chomhairle Mhúinteoireachta Ghinearálta na hAlban) an rapporteur.

Chuir an grúpa a thuairisc i gcrích i rith na bliana tuairiscithe agus cuireadh í faoi bhráid na Comhairle agus an Aire i mí na Nollag 2015.

Sa tuairisc tarraingíodh le chéile réimse leathan sonraí maidir le soláthar, éileamh agus imlonnú múinteoirí i gcóras scoile na hÉireann. Rinneadh anailís shubstaintiúil ar na sonraí atá ar Chlár Múinteoirí na Comhairle sa Roinn Oideachais agus Scileanna. Chuir sé seo le tuiscint níos fearr ar chóhort na múinteoirí cláraithe ar an gClár faoi láthair, na múinteoirí nua atá ag teacht isteach agus na múinteoirí atá ag imeacht agus ag dul ar scor nó ag fágáil na múinteoireachta. Sa tuairisc deimhnítear an chastacht a bhaineann le soláthar agus éileamh múinteoirí, agus leagtar amach inti cur chuige atá níos fadtréimhsí maidir leis an anailís agus pleanáil do sholáthar múinteoirí sna blianta amach romhainn.

Bhí líon cruinnithe comhairliúcháin leis na comhpháirtithe oideachais agus leis na hinstitiúidí ardoideachais a chuireann cláir oideachas múinteoirí ar fáil. Tá an tuairisc eatramhach a chuir an grúpa faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna i mí na Nollag 2014 ar fáil anois ar láithreán gréasáin na Comhairle.

# 4 Feabhas a chur ar chaighdeáin a bhaineann le hiompar agus cleachtadh gairmiúil



Sa Chód Iompair Ghairmiúil leagtar amach na caighdeáin den eolas, oilteacht, cumas agus iompar gairmiúil lena bhfuiltear ag súil ó mhúinteoirí cláraithe.

**Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta atá freagrach as cáilíocht na múinteoireachta in Éirinn a chothabháil agus a fheabhsú trí chaighdeáin arda i ngairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a chinntiú. Dhá bhealach chun é seo a bhaint amach is ea trí Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí a fhoilsiú agus a chur chun cinn agus trí ghearáin a imscrúdú.**

Leagtar amach sa Chód Iompair Ghairmiúil na caighdeáin a bhaineann le heolas gairmiúil, oilteacht, inniúlacht agus iompar a mbítear ag súil leo ó mhúinteoirí cláraithe. Is ráiteas é an Cód faoinar chóir a bheith i gceist leis an dea-theagasc agus an chuma ba chóir a bheith air. Is doiciméad reachtúil é agus úsáidfear mar phointe tagartha é nuair a bheidh fiosrúcháin á ndéanamh i ndáil le Feidhmiúlacht chun Múineadh.

Tiocfaidh cumhachtaí de chuid na Comhairle isteach i ndáil le Feidhmiúlacht chun Múineadh in 2016 nuair a bheidh an t-údarás dlíthiúil ag an gComhairle gearáin a dhéantar faoi mhúinteoirí cláraithe a imscrúdú. A luaithe agus a dhéantar gearán, cuirfidh an Chomhairle tús le himscrúdú agus déanfar cinneadh ar chóir déileáil leis trí nósanna imeachta araíonachta foirmiúla na Comhairle.

San Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú), 2015, tugadh isteach cúinsí breise inar féidir gearán a dhéanamh, lena n-áirítear drochfheidhmíocht ghairmiúil agus, i gcásanna áirithe, ciontuithe coiriúla. Féadfaidh an Chomhairle, tar éis éisteachta araíonachta, cinneadh a dhéanamh comhairle, rabhadh nó cáineadh a thabhairt don mhúinteoir i scríbhinn, coinníollacha a leagan ar chlárú an mhúinteora, nó an múinteoir a chur ar fionraí nó a bhaint den Chlár Múinteoirí.

Tugadh líon mionathruithe eile isteach san Acht, agus leis seo tá reachtaíocht Feidhmiúlacht chun Múineadh na Comhairle ar aon dul le reachtaíocht na gcomhlachtaí gairmiúla rialála eile.

# 5 Teagasc, Foghlaim agus Taighde

**Tá ríthábhacht leis na caighdeáin arda a chur chun cinn ar fud an leanúntais oideachais múinteoirí d'obair na Comhairle Múinteoireachta. Tosaíonn feidhmeanna na Comhairle sa réimse seo nuair a thosaíonn múinteoir leis an oideachas tosaigh múinteoirí (OTM), agus leanann siad ar aghaidh do ghairmréim uile an mhúinteora.**

## Athbhreithniú agus creidiúnú na gClár OTM (Oideachas Tosaigh Múinteoirí)

Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta athbhreithniú agus creidiúnú ar na cláir oideachais tosaigh múinteoirí lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach chun múinteoirí faoi oiliúint a ullmhú le dul isteach sa ghairm.

Mar chuid d'athbhreithniú agus de chreidiúnú na gclár OTM, bhí ar deich nInstitiúid Ardoideachais a chuireann cláir oideachais tosaigh múinteoirí leantacha ar fáil tuairiscí dul chun cinn a chur isteach ag leagan amach na gcéimeanna a glacadh le hathruithe a chur i bhfeidhm sa dá phríomhréimse faoi shocrúchán scoile agus acmhainní a chur ar fáil (agus béim ar leith ar an gcóimheas idir mic léinn agus foireann). Ceapadh painéal seachtrach le hathbhreithniú a dhéanamh ar na tuairiscí sin agus le moltaí a dhéanamh don Choiste Oideachais maidir leis an stádas creidiúnaithe ar na cláir sin amach anseo.

Rinne painéal na tuairisce dul chun cinn athbhreithniú ar an deich n-aighneacht ar an 10 Márta 2016 agus, ag deireadh na bliana tuairiscithe, bhí an próiseas fós ag leanúint ar aghaidh.

## Riachtanais Iontrála

San Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, sonraítear go ndéanfaidh an Chomhairle "athbhreithniú ar chaighdeáin an oideachais agus na hoiliúna atá oiriúnach do dhuine atá ag dul isteach chuig clár oideachais múinteoirí …. agus cuirfidh sí comhairle ar an Aire agus, mar a mheasann sí a bheith iomchuí, ar na hinstitiúidí bainteacha".

Foilsíodh doiciméad comhairliúcháin maidir le riachtanais iontrála in 2012, inar leagadh amach na híosriachtanais iontrála athbhreithnithe atá molta, chomh maith leis an achar ama molta leis na riachtanais athbhreithnithe seo a thabhairt isteach. Bhí cruinnithe ag an gComhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear forais na bpríomhoidí, forais na mbainistíochtaí scoile, Institiúidí Ardoideachais, ceardchumainn na múinteoirí, meantóirí, múinteoirí faoi oiliúint agus múinteoirí nuacháilithe, lena moltaí a chur i láthair agus aiseolas a fháil maidir leo. Chuir an Chomhairle fáilte roimh aiseolas i scríbhinn freisin trí shuirbhé ar líne. Dhún an suirbhé san Earrach in 2013 agus, tar éis anailís a dhéanamh ar an aiseolas uile, tugadh faoi deara go raibh an-chuid de na saincheisteanna a tháinig aníos sa chomhairliúchán an-chasta agus bhí gá le tuilleadh taighde a dhéanamh ionas go bhféadfadh an Chomhairle comhairle a bhí soiléir agus bunaithe ar fhianaise a sholáthar don Aire.

Mar thoradh air seo coimisiúnaíodh an ITES leis an taighde a dhéanamh. Chuir na torthaí bonn eolais faoi chinntí na Comhairle agus an chomhairle a cuireadh isteach, i rith na bliana tuairiscithe, chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna, a dhéanfaidh an cinneadh deiridh ar an ábhar.

## Socrúchán Scoile

Is é an aidhm atá ag Treoirlínte faoi Shocrúchán Scoile de chuid na Comhairle Múinteoireachta an comhoibriú idir soláthraithe na gclár oideachais tosaigh múinteoirí agus scoileanna a chur chun cinn. I rith na bliana, lean an Chomhairle ag plé le soláthraithe cláir, agus leis an Údarás um Ard-Oideachas, d'fhonn struchtúir agus córais a fhorbairt ina bhféadfaí comhoibriú níos fearr a éascú go náisiúnta i measc na soláthraithe, agus idir na soláthraithe agus na scoileanna.

D'eagraigh an Chomhairle Mhúinteoireachta Lá Comhfhoghlama maidir le socrúchán scoile i mí Eanáir 2016. Ar an lá bhí baint ag na daoine ar fhreastail air le plé comhoibríoch, agus chomhroinn siad cleachtais nuálacha i réimse an tsocrúcháin scoile.

Ag deireadh an lae bhí díospóireacht painéil spleodrach agus spéisiúil maidir leis an gcomhpháirtíocht idir scoileanna agus páirtithe leasmhara eile. Lá an-dearfach a bhí ann agus ba eispéireas fiúntach agus faisnéiseach a bhí ann ina ndearnadh naisc fhollasacha dóibh siúd ar fhreastail air tríd an gcomhoibriú agus an fhoghlaim a chomhroinnt.

Roinnt ráiteas ag eascairt as an lá:

"Ba iontach an rud é an méid sin smaointe agus cur i láthair den scoth a bhí ann chun muid a spreagadh, agus na naisc chomhoibríocha thorthúla a rinneadh i rith an lae."

"Ba ócáid den scoth a bhí ann inar tarraingíodh le chéile na príomhsmaointe uile maidir le socrúchán scoile."

Tá an Chomhairle fós tiomanta le deiseanna a chur ar fáil don chomhoibriú leanúnach agus don chomhfhoghlaim maidir le socrúchán scoile.



## Ionduchtú

Tá sé mar aidhm ag Droichead, an tsamhail ionduchtúcháin agus promhaidh do mhúinteoirí nuacháilithe de chuid na Comhairle, tuilleadh feabhais a chur ar an tacaíocht a fhaigheann múinteoirí nuacháilithe sa chéad bhliain agus iad sa ghairm. Ba í an bhliain tuairiscithe an bhliain deiridh de chlár píolótach trí bliana bunaithe ar dhréachtpholasaí Droichead a foilsíodh in 2012.

I mí an Mhárta 2016, bhí Lá Comhfhoghlama ar siúl do scoileanna Droichead lena gcuid taithí a chomhroinnt agus leis an bhfoghlaim ón taithí a bhí acu ar an gclár le linn an chláir phíolótaigh a léiriú. Bhí múinteoirí as scoileanna nach raibh rannpháirteach in Droichead, ar mhian leo tuilleadh a fháil amach, i láthair freisin.

Tar éis an chláir phíolótaigh, faomhadh polasaí Droichead a bhí leasaithe agus feabhsaithe i mí an Mhárta 2016. Sa pholasaí leasaithe tá líon athruithe suntasacha ann, lena n-áirítear: Comhtháthú phróiseas Droichead agus an clár ceardlainne ionduchtúcháin; athruithe le ham a scaoileadh; na cineálacha suíomhanna inar féidir Droichead a chur i gcrích a leathnú amach; agus aitheantas soiléir den chlár oideachais tosaigh múinteoirí atá feabhsaithe agus athchoincheaptha.

I rith na bliana, d'fhorbair an Chomhairle nósanna imeachta le próiseas Droichead a dhearbhú ó thaobh cáilíochtaí de. Tá an próiseas deartha chun tacú le cáilíocht agus leanúnachas Droichead agus tá sé mar bhonn agus taca ag an gcur chuige atá aige i dtreo na gcuairteanna scoile a bhíonn ar siúl 'i spiorad na comhghleacaíochta agus an chomhoibrithe'.

Eisíodh cuireadh chuig na scoileanna uile a bhí rannpháirteach i gclár píolótach Droichead i rith 2013-2015. Tugadh cuireadh do scoileanna féinainmniú a dhéanamh do phróiseas DCD (Dearbhú Cáilíochta Droichead). D'iarr níos mó ná 30% de na scoileanna píolótacha seo baint a bheith acu leis an bpróiseas. Bunaíodh Painéil Athbhreithnithe i mí na Samhna 2015. Chuir an Painéal tréimhse um fhoghlaim ghairmiúil agus machnamh i gcrích ó thaobh an phróisis de i mí na Nollag 2015. Roghnaíodh ocht scoil as na scoileanna féinainmnithe. Léirigh an roghnú seo réimse leathan cineálacha scoileanna agus suíomhanna. Tharla na cuairteanna i rith mhí Eanáir agus mhí Feabhra 2016. I rith na gcuairteanna seo bhí sraith plé maidir le próiseas Droichead ar siúl. San áireamh anseo bhí comhráite le príomhoidí, baill PST agus múinteoirí nuacháilithe. Ag deireadh na gcuairteanna seo tháinig an painéal le chéile arís i mí an Mhárta 2016 chun tosú leis an bpróiseas a dhréachtú don tuairisc deiridh.

Cuireadh an próiseas um DCD do 2015/2016 i gcrích agus tá an tuairisc deiridh á dréachtú faoi láthair. Tá sé seo le cur faoi bhráid chruinniú an Choiste Oideachais de chuid na Comhairle san Fhómhar in 2016.

Tagann grúpa oibre de mhúinteoirí nuacháilithe a bhí rannpháirteach i bpróiseas Droichead le chéile go tráthrialta agus an príomhchuspóir atá ann ná tacú le forbairt an pholasaí i dtaca le punanna foghlama gairmiúla. Tháinig grúpa oibre de phríomhoidí Droichead, príomhoidí teagaisc ina measc, le chéile cúpla uair freisin i rith na bliana d'fhonn aiseolas a chur ar fáil agus chun tacú leis an gComhairle le próiseas Droichead a chur chun cinn i measc scoileanna eile.

Ag deireadh na bliana tuairiscithe, bhí 336 scoil rannpháirteach in Droichead (183 bunscoil agus 153 iarbhunscoil); bhí seimineár gréasáin Droichead ag an gcéim pleanála; bhí obair ag dul ar aghaidh maidir le caibidlí breise agus píosa físeáin a fhorbairt do ríomhleabhar Droichead; agus ar thuairisc a chur le chéile don Chomhairle mar thoradh ar an gcéad phróiseas um Dhearbhú Cáilíochta de chuid Droichead.

### Foghlaim múinteoirí

I mí na Bealtaine 2015, d'fhoilsigh an Chomhairle Cosán, an chéad dréacht den chreatlach um fhoghlaim múinteoirí, bunaithe ar chéim comhairliúcháin a thosaigh in 2014. A luaithe agus a foilsíodh an chéad dréacht, thosaigh an chéad chéim eile den chomhairliúcháin ansin. Sa dara céim bhí imeacht comhairliúcháin náisiúnta ann do na páirtithe leasmhara, inar fhreastail níos mó ná 100 ionadaí de na comhlachtaí páirtithe leasmhara éagsúla. Bhailigh an Chomhairle Mhúinteoireachta réimse saibhir d'aiseolas, agus tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara cruinnithe déthaobhacha a iarraidh ina dhiaidh sin dá mba mhian leo.

Bhí ionchur ag níos mó ná 1,600 múinteoir ar leith agus páirtithe leasmhara eile sa chomhrá ag an dara céim den chomhairliúchán, trí fhoirm aiseolais ar líne a chomhlánú, aiseolas a chur isteach ar ríomhphost, nó trí bheith i láthair ag ceann amháin de shraith de 10 gceardlann, a bhí ar siúl sna hionaid oideachais i mBaile Átha Luain, Corcaigh, Dún na nGall, Baile Átha Cliath, Cill Chainnigh, Luimneach agus Gaillimh. Tugadh cuireadh do scoileanna freisin a gcruinnithe scoilbhunaithe féin a eagrú. D'fhorbair an Chomhairle Mhúinteoireachta foirm aiseolais ina raibh leideanna chun cuidiú le baill foirne machnamh agus plé a dhéanamh.

Dhún céim 2 den chomhairliúchán i mí na Nollag 2015.

Chuir an Chomhairle Mhúinteoireachta an t-aiseolas uile as céim 2 i dtoll a chéile agus rinne sí é a mheas, agus rinneadh athbhreithniú ar an dréacht-chreatlach i dtaca leis seo. D'fhaomh an Chomhairle an chreatlach nuashonraithe seo i mí Feabhra 2016. Is é an chéad chéim eile de Cosán an chéim forbartha, ina gcuirfidh múinteoirí a roghnaíonn a bheith páirteach sa phróiseas an chreatlach i bhfeidhm ina gcomhthéacs áirithe féin. Cuirfidh na torthaí ón gcéim forbartha bonn eolais faoi fhorbairt leanúnach na creatlaí.

### Measúnú ar Cháilíochtaí (MC)

I gcomhréir le Treoir 2005/36/CE (mar a leasaíodh) de chuid an AE maidir le cáilíochtaí a chomhaithint (mar a leasaíodh), is é an Chomhairle Mhúinteoireachta an t-údarás inniúil in Éirinn le measúnú a dhéanamh ar iarratais ar chlárú ó dhaoine atá aitheanta mar mhúinteoirí i dtíortha eile de chuid an AE/LEE. Cuireann an Chomhairle Mhúinteoireachta fáilte freisin roimh iarratais uaidh siúd a cháiligh lasmuigh den AE. Ní mór d'iarratasóirí na critéir a chomhlíonadh atá leagtha amach sna Rialacháin um Chomhairle Mhúinteoireachta (Clárú) 2009. Déantar measúnú freisin ar na hiarratais uile ar chlárú ó mhúinteoirí a cháiligh lasmuigh den AE/LEE ar bhonn aonair.

I rith na bliana tuairiscithe, rinne an Chomhairle 505 iarratas ar an iomlán ar mheasúnú ar cháilíochtaí a phróiseáil.

### Taighde

I rith na bliana tuairiscithe, d'fhoilsigh an Chomhairle a Straitéis Taighde athbhreithnithe. Tá an straitéis ar fáil le híoslódáil ag www.teachingcouncil.ie

I gcomhréir leis an straitéis, thug an Chomhairle Grúpa Rannpháirtíochta Taighde (GRT) le chéile i rith na bliana tuairiscithe. Tháinig an grúpa seo, ina bhfuil múinteoirí agus daoine acadúla ar spéis leo cleachtóirí a mhealladh le bheith rannpháirteach i gcúrsaí taighde agus a bheith bainteach i gcúrsaí taighde, le chéile roinnt uaireanta i rith na bliana, agus thug siad ailt do ríomhiris Taighde le scaipeadh ar na múinteoirí cláraithe uile.

Foilsíodh an ríomhiris Taighde i mí Feabhra agus bhí ráta oscailte de 64% aige. Bhí roinnt ball den Ghrúpa rannpháirteach sa chéad Researchmeet mar chuid de FÉILTE i mí Dheireadh Fómhair 2015. Leis an Researchmeet, a lean formáid Teachmeet ar éirigh thar cionn leis, bhí taighdeoirí agus daoine ar mhaith leo a bheith ina dtaighdeoirí, in ann a smaointe a scaipeadh agus a gceisteanna taighde a phlé ar bhealach neamhfhoirmiúil.

Rinneadh forbairt ar phacáiste Foinse Oideachais EBSCO ina bhfuil rochtain ar níos mó ná 1,800 irisleabhar le níos mó ríomhleabhar ábhartha do mhúinteoirí Éireannacha a chur san áireamh. Rinne múinteoirí cláraithe 53,420 cuardach ar an iomlán ar EBSCO idir mí Aibreáin 2015 agus mí an Mhárta 2016. Rinneadh forbairt freisin ar na leathanaigh taighde ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta le naisc a chur san áireamh chuig rochtain oscailte ar thaisclanna taighde.

I rith na bliana thug an Chomhairle cuireadh freisin le haghaidh tairiscintí do sheirbhís tacaíochta taighde, le tuilleadh feabhais a chur ar an gcumas atá aici tacú leis an ngairm agus í rannpháirteach i gcúrsaí taighde agus bainteach le cúrsaí taighde.

# 6 An mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn




**Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta cumarsáid le páirtithe leasmhara chun an ról atá aici agus na freagrachtaí atá uirthi a mhíniú, chun cur le tuiscint na bpáirtithe leasmhara ar chuspóir a cuid oibre, agus chun spreagadh a thabhairt dóibh tacú lena cuid iarrachtaí gairm na múinteoireachta a rialáil agus a chur chun cinn ar mhaithe le leas an phobail.**

**I rith na bliana, rinne an Chomhairle na nithe seo a leanas:**

- reáchtáil sí an tríú FÉILTE bliantúil ar an 3 Deireadh Fómhair 2015
- d'eisigh sí ilríomhirisí, le meánrátaí oscailte de níos mó ná 50%
- bhí níos mó ná 611,000 cuairt aici chuig a láithreán gréasáin, agus bhí 59% díobh seo ó chuairteoirí nua
- mhéadaigh sí a leantóirí Twitter faoi níos mó ná 3,900
- d'fhreastail sí ar líon comhdhálacha, seimineáir agus cruinnithe oideachais, agus
- bhuail sí le múinteoirí faoi oiliúint sa bhliain deiridh i 16 institiúid ardoideachais.

### Caidreamh leis na meáin

Mar chuid dá straitéis chun an ghairm a chur chun cinn agus chun tuiscint ar obair na Comhairle a mhéadú, déanann an Chomhairle teagmháil réamhghníomhach leis na meáin chumarsáide agus tugann sí freagra ar cheisteanna ó na meáin. I rith na bliana, eisíodh preasráitis agus foilsíodh ailt a bhain le raon ábhar, lena n-áirítear FÉILTE, lainseáil Cosán, na hathruithe ar Droichead a d'fhaomh an Chomhairle, agus ar thaighde pleanáilte ar thaithí na múinteoirí nuacháilithe.

### FÉILTE

Bhí FÉILTE 2014 ar siúl Dé Sathairn an 3 Deireadh Fómhair san RDS, Baile Átha Cliath. Bhí níos mó ná 1,000 duine rannpháirteach san ócáid, idir freastal ar an láthair agus breathnú ar líne. Bunaíodh téama na féile mar "An Teagasc a Chomhroinnt – An Fhoghlaim a Chónascadh".

Léirigh caoga sárthaispeántas agus ceardlann, ina raibh raon leathan tionscadal ón earnáil oideachais uile, an nuálaíocht atá ag tarlú sa teagasc agus san fhoghlaim i scoileanna ar fud na tíre.

Thosaigh an lá le heochairaitheasc ón gcainteoir spreagúil agus eachtránaí Mark Pollock. Bhí an síceolaí, agus údar *Flourishing*, an Dr Maureen Gaffney mar phríomhrannpháirtí freisin. Thug an tAire Oideachais agus Scileanna a bhí ann ag an am, Jan O'Sullivan, T.D., cuairt ar shárthaispeántais éagsúla agus labhair sí ag an ócáid.

Bhí trí dhíospóireacht painéil ann ar an lá a chlúdaigh ról na dtuismitheoirí in oideachas a gcuid leanaí, úsáid na teicneolaíochta i gcúrsaí oideachais, agus an fholláine do mhúinteoirí agus daoine óga.

### Páipéir agus foilseacháin

Mar thogra breise le gairm na múinteoireachta a chur chun cinn, cuireann Stiúrthóir na Comhairle páipéir i láthair go rialta faoi shaincheisteanna a bhaineann le hobair na Comhairle. I rith na bliana tuairiscithe, cuireadh páipéir i láthair faoin nuálaíocht san fhoghlaim, deiseanna gairmiúla agus dúshláin, ról an ghairmí ó thaobh athruithe a iompar, agus an taighde, teagasc agus foghlaim a chomhtháthú le chéile.

Is féidir teacht orthu seo, agus ar pháipéir eile ar láithreán gréasáin na Comhairle agus scaiptear iad trí Twitter agus ríomhirisí na Comhairle Múinteoireachta.

Chuir an Chomhairle líon doiciméad ar fáil i rith na bliana, le n-áirítear: Tuarascáil Bhliantúil 2014/15; Lámhleabhar Clárúcháin 2015/ 16; agus Plean Straitéiseach 2015-2017.

### Múinteoirí faoi oiliúint a chur ar an eolas faoin gComhairle Mhúinteoireachta

Thug an Chomhairle cuairt ar mhúinteoirí sa bhliain deiridh dá gcuid staidéar in 16 institiúid ardoideachais i rith na bliana tuairiscithe. Ag gach cuairt mhínigh an Chomhairle an próiseas clárúcháin agus leagadh amach an chaoi ina bhfuil baint ag an obair a dhéanann sí le gairmréim múinteora.

### Láithreán Gréasáin

Bhí os cionn 611,000 cuairt ar láithreán gréasáin na Comhairle le linn na bliana tuairiscithe, agus ba chuairteoirí nua iad 59% díobh seo.

Lainseáladh láithreán gréasáin nua de chuid na Comhairle Múinteoireachta i rith na bliana tuairiscithe.

### Gaeilge

Déanann an Chomhairle foráil ar leith chun a seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, faoi threoir fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. I rith na bliana, rinne an Chomhairle deimhin de gur freagraíodh gach píosa cumarsáide a fuarthas as Gaeilge, ar ríomhphost, sa phost nó ar an nguthán as Gaeilge. Cuireadh foilseacháin agus ríomhirisí uile na Comhairle ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon.

### Saoráil Faisnéise

Tá an Chomhairle faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus an Achta um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2014. Fuair an Chomhairle seacht n-iarratas faoi Shaoráil Faisnéise i rith na bliana tuairiscithe.

# féilte
2015




féilte


féilte
féilte






FÉILTE 2015
#FÉILTE
@FÉILTE
The Teaching Council

# 7 Eagraíocht éifeachtúil agus éifeachtach a fhorbairt agus a chothabháil



**An aidhm atá ag an gComhairle Mhúinteoireachta ná eagraíocht éifeachtúil agus éifeachtach a reáchtáil.**

### Airgeadas

Caiteachas na Comhairle i mbliain airgeadais 2015 ba ea €5.58m. Ioncam na Comhairle (tar éis cánach agus le hús san áireamh) ba ea €6.33m

### Cóiríocht

Feistíodh an foirgneamh óna bhfeidhmíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta i rith na bliana tuairiscithe. Ciallaíonn sé seo gur féidir freastal ar chruinnithe uile na Comhairle agus na héisteachtaí uile maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh, ag fáil réidh leis an ngá le saoráidí óstáin a fháil ar cíos.

### Acmhainní Daonna

Mhéadaigh leibhéil na mball foirne i rith na bliana tuairiscithe, agus mar thoradh air seo ba ionann baill foirne na Comhairle agus 41.5 coibhéis lánaimseartha faoi dheireadh na bliana tuairiscithe.

I rith na bliana tuairiscithe, fuair an Chomhairle ceathrar múinteoirí a dhéanann ionadaíocht do na hearnálacha bunscoile agus iarbhunscoile chun tacú lena cuid oibre, go háirithe sna réimsí Teagaisc, Foghlama agus Taighde.

Tá feidhm seirbhísí bhainistithe fós mar ghné thábhachtach den Chomhairle le hacmhainní a chur ar fáil, a sholáthraíonn seirbhís teileafóin ar feadh an lae agus tacaíocht riaracháin tosaigh.

### Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide

Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar an gcóras slándála TF in 2015, agus ina dhiaidh seo tá sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh do 2016.

### Toghchán chuig an gComhairle Mhúinteoireachta

Tháinig deireadh le téarma oifig na Comhairle Múinteoireachta i mí an Mhárta 2016. Tá 37 comhalta ag an gComhairle agus is múinteoirí iad 16 díobh a thoghann múinteoirí. Bhí toghchán do chomhaltaí ar múinteoirí iad ar siúl ar líne i rith mhí Feabhra agus mhí an Mhárta 2016.



# Aguisíní


## Aguisín 1

Ráitis Airgeadais 24

## Aguisín 2

Comhaltaí na Comhairle Múinteoireachta 39

## Aguisín 3

Coistí agus painéil 40

## Aguisín 4

Costais Chomhaltaí na Comhairle 2015 45

# Aguisíní 1

# Na Ráitis Airgeadais

**don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015**

## EOLAS FAOIN gCOMHAIRLE

### Cathaoirleach:

Gerry Quinn (tofa ar an 12 Aibreán 2016)
Micheál Ó Gríofa (téarma oifige críochnaithe ar an 27 Márta, 2016)

### Leas-Chathaoirleach:

Sean McMahon (tofa ar an 12 Aibreán 2016)
Bernie Ruane (téarma oifige críochnaithe ar an 27 Márta 2016)

### Comhaltaí na Comhairle:

*Ón 04 Aibreán 2016*

Elizabeth Cooney
An tUrramach Dr Tom Deenihan
Michael Delargey
Karen Devine
Catherine Doolan
Niall Duddy
Patricia Duffy
An Dr Mary Fleming
Pat Gilmore
Mairéad Glynn
Colm Harte
John Holian
Declan Kelleher
Ferdia Kelly
Gregor Kerr
Máire Lineen
Áine Lynch
Denis Magner
Claire Markey
Paul Mooney
Noelle Moran
Yvonne Ní Mhurchu
Seamus Ó Fearraigh
Deirdre O'Connor
Séamus O'Connor
Seán O'Neill
An tOll. Mary O'Sullivan
Eamonn Shaughnessy
Tracie Tobin
Frank Turpin

*Go dtí an 27 Márta 2016*

Michael Barry
Noel Buckley
Kieran Christie
An Dr Marie Clarke
Eimear Cole
John Conlon
Lily Cronin
Derbhile de Paor
Elaine Devlin
An Dr Ken Fennelly
Eileen Flynn
An tOll. Michael Hayes
Marie Humphries
Declan Kelleher
Mary Kelly
Áine Lynch
Christopher Maginn
An Dr Deirdre Mathews
Brendan McCabe
Fergal McCarthy
Anne McElduff
An Dr Andrew McGrady
Marie McLoughlin
Patrick McVicar
Dympna Mulkerrins
Bríd Ní Raghallaigh
Diarmuid Ó Murchú
Kathleen O'Connor
An tOll. Joe O'Hara
Bernadine O'Sullivan
Eleanor Petrie
Don Ryan
Joan Russell
Frank Turpin
Milo Walsh

### Iniúchóirí

**Anne Brady, McQuillans DFK**
Cuntasóirí Cairte
& Iniúchóirí Cláraithe
Cúirt Uíbh Eachach
Bóthar Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

### Seoladh Gnó

Bloc A
Campas Gnó Mhaigh Nuad
Maigh Nuad
Co. Chill Dara

### Baincéirí

**Banc na hÉireann**
An Phríomhshráid
Maigh Nuad
Co. Chill Dara

**Banc AIB plc**
An Phríomhshráid
Maigh Nuad
Co. Chill Dara

### Aturnaetha

**McDowell Purcell Partnership**
Aturnaetha
Foirgneamh Chéipil
Mainistir Mhuire,
Baile Átha Cliath 7

**Arthur Cox**
Aturnaetha Ionad Phort an Iarla
Ardán an Iarla,
Baile Átha Cliath 2

# Clár An Ábhair


| | |
|---|---|
| Tuairisc na Comhairle | 26 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle | 27 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais | 28 |
| Tuairisc na nIniúchóirí Neamhspleácha | 29 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 30 |
| Clár Comhardaithe | 31 |
| An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim | 32 |
| Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 33 |




# Tuairisc na Comhairle

## don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015

Cuireann an Chomhairle a tuairisc i láthair, mar aon leis na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015. Bunaíodh An Chomhairle Mhúinteoireachta (The Teaching Council) ar bhonn reachtúil ar an 28 Márta 2006 de réir an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

### Príomhghníomhaíocht agus Athbhreithniú ar an nGnó

Is é príomhghníomhaíocht na Comhairle Múinteoireachta gairm na múinteoireachta a chur chun cinn ag leibhéal na bunscoile agus na hiarbhunscoile, forbairt ghairmiúil múinteoirí a chur chun cinn, agus caighdeáin i ngairm na múinteoireachta a rialú. Tugann an Chomhairle faoi thaighde a dhéanamh thar ceann na gairme. Le linn 2015 dhírigh taighde na Comhairle go príomha ar na réimsí ionduchtúcháin agus promhaidh agus ar na riachtanais iontrála sa ghairm.

Níor tháinig aon athrú suntasach ar na gníomhaíochtaí sin i rith na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2015.

### Príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí

Rinne an Chomhairle measúnú ar na rioscaí seo a leanas agus tá na bearta seo a leanas curtha i gcrích acu chun na rioscaí seo a bhainistiú sa Chomhairle Mhúinteoireachta, mar seo a leanas:

#### Acmhainní Foirne

Tá acmhainní foirne teoranta ag an gComhairle de réir mar a ghlacann sí le feidhmeanna breise. Fuarthas cead seacht bpost bhreise a chruthú. Ina theannta sin, d'aistrigh an Chomhairle an fhreagracht as cuid den ghnáthobair riaracháin chuig socrú seirbhísí bainistithe a chuirtear ar fáil go hinmheánach.

#### Eilimintí den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 nach bhfuil tús curtha lena bhfeidhm

Ní raibh tús curtha le feidhm eilimintí áirithe de chuid an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 in 2015, rud a chuir srian le raon feidhme na Comhairle. Ní raibh tús curtha le feidhm Chuid 5 (Feidhmiúlacht chun Múineadh), ná Alt 39 (Forbairt Ghairmiúil Leanúnach) go háirithe. Chuir an tAire Oideachais agus Scileanna in iúl go gcuirfidh sí tús le feidhm Chuid 5 in 2016.

### Torthaí

Is é barrachas na bliana tar éis dímheas agus cánachas a chur san áireamh €745,128 (2014: €1,218,911). Nuair a chuirfear tús le feidhmeanna breise na Comhairle Múinteoireachta (dá dtagraítear san alt roimhe seo) tiocfaidh méadú suntasach ar chaiteachas bliantúil na Comhairle.

### Forbairtí sa Todhchaí

Tá sé beartaithe ag an gComhairle leanúint ar aghaidh lena cuid gníomhaíochtaí reatha. Tá sé tugtha le fios ag an Aire Oideachais agus Scileanna go bhfuil sé beartaithe aici tús a chur le feidhm Chuid 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta (Feidhmiúlacht chun Múineadh) in 2016.

### Leabhair Chuntais

De réir Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, tá sé de fhreagracht ar an gComhairle leabhair chuí chuntais a choimeád a chuirfidh i bhfios go réasúnta cruinn, tráth ar bith, cad í staid airgeadais na heagraíochta. Tá an Chomhairle freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus as bearta cuí a chur i bhfeidhm chun calaois nó mírialtachtaí eile a bhrath agus a sheachaint dá réir sin. Déantar leabhair chuntais na Comhairle Múinteoireachta a chothabháil ag Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co Chill Dara.

### Na hIniúchóirí

Tá sé curtha in iúl ag na hIniúchóirí, Anne Brady McQuillans DFK, go bhfuil siad sásta leanúint in oifig.

### Imeachtaí i ndiaidh Dháta an Chláir Chomhardaithe

Ní raibh aon imthosca ann ná níor tharla aon imeachtaí i ndiaidh dheireadh na bliana a fhágann gur gá na ráitis airgeadais nó na nótaí a ghabhann leo a choigeartú, nó ar gá iad a nochtadh sna ráitis nó sna nótaí sin.

### Íocaíocht le Creidiúnaithe

Aithníonn Comhaltaí na Comhairle an fhreagracht atá orthu lena chinntiú go gcomhlíonann sí forálacha Rialachán an CE (Íocaíocht Dhéanach) 2002. Is é polasaí na Comhairle Múinteoireachta téarmaí íocaíochta a chomhaontú leis na soláthraithe uile agus cloí leis na téarmaí íocaíochta sin.

Thar ceann na Comhairle,

**Gerry Quinn**
Cathaoirleach

**Tomás Ó Ruairc**
Stiúrthóir

**24 Bealtaine 2016**

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle i leith na Ráiteas Airgeadais

Is ar an gComhairle atá an fhreagracht as an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais a ullmhú de réir dhlí infheidhme na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 agus de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn (na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus atá curtha chun cinn ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn).

De réir dhlí na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18(2) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, ní mór don Chomhairle ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais ina ndéantar cur síos fíor cothrom ar staid ghnóthaí na heagraíochta don tréimhse sin.

Tá sé de dhualgas ar an gComhairle agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- breithiúnais agus meastacháin réasúnta, stuama a dhéanamh
- a lua ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeacht ábhartha a bheidh nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais agus
- na cuntais airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin dá mbeadh sé míchuí a thoimhdiú go leanfadh an eagraíocht leis an ngnó.


Dearbhaíonn an Chomhairle gur chloígh sí leis na riachtanais thuasluaite agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici.

Tá sé de fhreagracht ar an gComhairle leabhair chuí chuntais a choimeád a chuirfidh i bhfios go réasúnta cruinn, tráth ar bith, cad í staid airgeadais na heagraíochta agus a chuirfidh ar a cumas a dheimhniú go ndéantar na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leis in Éirinn agus de réir Dhlí na hÉireann lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

Tá an Chomhairle freagrach as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus as na bearta cuí a chur i bhfeidhm chun calaois nó mírialtachtaí eile a bhrath agus a sheachaint dá réir sin.

Tá an Chomhairle freagrach as an suíomh gréasáin a chothabháil agus a choinneáil slán. Féadfaidh reachtaíocht Phoblacht na hÉireann i ndáil le ráitis airgeadais a ullmhú agus a scaipeadh a bheith éagsúil leis an reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann na Comhairle



**Gerry Quinn**
Cathaoirleach



**Tomás Ó Ruairc**
Stiúrthóir

**24 Bealtaine 2016**

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

1. Thar ceann na Comhairle Múinteoireachta, aithním an fhreagracht atá orainn as a dheimhniú go ndéantar córas éifeachtúil de rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a chur i bhfeidhm.

2. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach, seachas deimhniú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh go cuí, agus go bhfuil cosc á chur ar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go dtiocfaí orthu in am trátha.

3. Chuir an Chomhairle na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm atá deartha chun a chinntiú go ndéanfar rialú in:

   a) déantar cinnte go gcothaítear timpeallacht rialaithe chuí trí chúraimí bainistíochta a shainiú go soiléir, mar aon le nósanna imeachta chun teipeanna rialaithe a aithint agus chun freagairt dóibh.

   b) tá próiseas foirmiúil i bhfeidhm chun rioscaí gnó eagraíochtúla a aithint agus a mheas.

   c) úsáidtear córas cuimsitheach pleanála agus buiséadaithe agus déantar athbhreithniú míosúil ar threochtaí caiteachais.

   d) tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí airgeadais mór-rioscaí gnó, lena n-áirítear treoracha airgeadais agus nótaí faoi nósanna imeachta, cleachtais tarmligin cosúil le huasteorainneacha údarúcháin arna gceadú ag an gComhairle agus dualgais a bhaineann le híocaíochtaí a phróiseáil a choinneáil deighilte ó dhualgais a bhaineann le híocaíochtaí a fhaomhadh.

   e) tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh airgeadais, lena n-áirítear feidhm iniúchta inmheánaigh a fheidhmíonn de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus a thuairiscíonn don Choiste Iniúchóireachta.

4. Tugann obair fhoireann bainistíochta na Comhairle Múinteoireachta, ar a bhfuil an fhreagracht as an gcóras bainistíochta airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus an Choiste Iniúchóireachta agus na tuairimí a chuireann na hiniúchóirí seachtracha in iúl sa litir bhainistíochta agus sna tuairiscí uathu treoir don fhaireachán agus don athbhreithniú a dhéanann an Chomhairle ar an gcóras de rialú inmheánach airgeadais.

5. Rinneadh athbhreithniú foirmiúil ar na rialuithe inmheánacha airgeadais sa bhliain 2015.

Thar ceann na Comhairle,

Gerry Quinn

**Gerry Quinn**
Cathaoirleach

**24 Bealtaine 2016**

# Tuairisc na nIniúchóirí Neamhspleácha

**Do Chomhaltaí Comhairle na Comhairle Múinteoireachta**

Rinneamar iniúchadh ar Ráitis Airgeadais na Comhairle Múinteoireachta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015, arb ionann iad agus an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim agus na nótaí a ghabhann leo. Is é GAAP na hÉireann (lena n-áirítear FRS 102 An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme san RA agus i bPoblacht na hÉireann arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna gcur i bhfeidhm ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn) an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha atá curtha i bhfeidhm le linn a n-ullmhúcháin.

Cuirtear an tuairisc seo faoi bhráid chomhaltaí na Comhairle, mar chomhlacht, de réir Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Gabhadh don obair iniúchóireachta le gur féidir na nithe is gá a lua do na comhaltaí a lua leo i dtuairisc an iniúchóra agus ní ar mhaithe le haon ní eile. A mhéid is mó a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid ná ní ghéillimid freagracht i leith aon duine seachas an eagraíocht agus comhaltaí na Comhairle mar chomhlacht, as an obair iniúchóireachta, as an tuairisc seo nó as an tuairim a thugaimid.

### Freagrachtaí ar leith na Comhairle agus na nIniúchóirí

Déantar freagrachtaí na Comhairle maidir le tuairisc agus ráitis airgeadais na Comhairle a ullmhú de réir dhlí infheidhme na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, agus de réir na gcaighdeán cuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (an Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn) a leagan amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle.

Is é an dualgas atá orainn na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na gceanglas ábhartha dlíthiúil agus rialála agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an RA agus Éire). De réir na gcaighdeán sin, ní foláir dúinn na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta a chomhlíonadh.

### Scóip feidhme iniúchadh na ráiteas airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil maidir le méideanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais atá leordhóthanach d'fhonn dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráitis ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó earráide. Clúdaíonn sé na nithe seo a leanas: cibé an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta i comhréir le cúinsí na Comhairle agus ar cuireadh i bhfeidhm iad go leanúnach agus an ndearnadh iad a nochtadh mar is cuí; réasúntacht meastachán cuntasaíochta shuntasacha atá déanta ag comhaltaí na Comhairle; agus cur i láthair na ráiteas airgeadais ar an iomlán agus aon fhaisnéis ar léir atá mícheart ó thaobh ábhair de bunaithe ar an eolas, nó nach bhfuil ag teacht leis an eolas ó thaobh ábhair de, a fuaireamar le linn na tréimhse leis an iniúchadh a dhéanamh. Chomh maith leis sin, tá an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais uile i dtuairisc chomhaltaí na Comhairle léite againn chun na neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus chun aon fhaisnéis a aithint ar léir atá mícheart ó thaobh ábhair de bunaithe ar an eolas, nó nach bhfuil ag teacht leis an eolas ó thaobh ábhair de, a fuaireamar le linn na tréimhse leis an iniúchadh a dhéanamh. Má thagaimid ar an eolas faoi aon mhíráitis nó neamhréireachtaí ábhartha déanaimid na himpleachtaí dár dtuairisc a mheas.

### An Tuairim

Is é an tuairim atá againn i leith na ráiteas airgeadais:

- go dtugtar léargas fíor cothrom iontu, de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí na Comhairle amhail an 31 Nollaig, 2015 agus ar a cuid torthaí don bhliain dar chríoch an lá sin, agus
- gur ullmhaíodh mar is cuí iad de réir cheanglais Dhlí na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

Fuaireamar gach píosa faisnéise agus gach míniú a mheasamar a raibh gá leis chun críche an iniúchta. Is é an tuairim atá againn gur choimeád an eagraíocht leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é an tuairim atá againn go dtagann an fhaisnéis a thugtar i dtuairisc na Comhairle leis na ráitis airgeadais.

**Natalie Kelly**

*ar son agus thar ceann*
**Anne Brady, McQuillans DFK**
**Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe**
**Cúirt Uíbh Eachach**
**Bóthar Fhearchair**
**Baile Átha Cliath 2**

**24 Bealtaine 2016**

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

## don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015

| | Nótaí | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Táillí Clárúcháin agus Measúnaithe | | 6,150,734 | 6,117,103 |
| Táillí Creidiúnaithe | | 46,690 | 32,500 |
| Ioncam Eile | | 76,422 | 50,256 |
| **Ioncam Iomlán** | 2 | 6,273,846 | 6,199,859 |
| | | | |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Chóiríochta | | (119,284) | (185,644) |
| Costais Foirne | | (2,983,904) | (2,669,671) |
| Costais Riaracháin Eile | | (1,038,749) | (1,001,571) |
| Costais Chúrsaí, Chomhdhálacha agus Chruinnithe | | (190,761) | (186,797) |
| Costais Chlárúcháin agus Fíorúcháin | | (72,650) | (81,628) |
| Costais Teicneolaíochta Faisnéise | | (234,153) | (169,976) |
| Costais Chumarsáide agus Oideachais | | (644,412) | (663,814) |
| Dímheas | 7 | (297,088) | (180,754) |
| **Caiteachas Iomlán** | | (5,581,001) | (5,139,855) |
| | | | |
| Ús infhaighte agus ioncam dá shamhail | | 88,615 | 269,333 |
| **Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas** | 3 | 781,460 | 1,329,337 |
| Cánachas | 6 | (36,332) | (110,426) |
| **chas ar ghnáthghníomhaíochtaí tar éis cánachais** | | 745,128 | 1,218,911 |

Níl aon bharrachas ná easnamh aitheanta seachas an toradh do na tréimhsí airgeadais thuasluaite. D'eascair toradh na bliana go hiomlán as gnóthaí leantacha.

Is dlúthchuid de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 33 go 38.

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais ar an 24ú Bealtaine 2016 agus síníodh iad thar a ceann ag:

**Gerry Quinn**
Cathaoirleach

**Tomás Ó Ruairc**
Stiúrthóir

**24 Bealtaine 2016**

# An Clár Comhardaithe

## amhail an 31 Nollaig 2015

| | | 2015 | | 2014 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | € | € | € | € |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 7 | | 5,341,855 | | 4,192,206 |
| Infheistíochtaí | 8 | | 10,014 | | 10,594 |
| | | | 5,351,869 | | 4,202,800 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Féichiúnaithe | 9 | 59,652 | | 77,836 | |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | | 12,939,364 | | 13,368,460 | |
| | | 12,999,016 | | 13,446,296 | |
| **Creidiúnaithe: Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin** | 10 | (140,240) | | (183,579) | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | | 12,858,776 | | 13,262,717 |
| **Iomlán na Sócmhainní Lúide Dliteanais Reatha** | | | 18,210,645 | | 17,465,517 |
| **Cúlchistí** | | | | | |
| Cúlchiste Ainmnithe | 11 | | 4,000,000 | | 4,000,000 |
| Cúlchistí Ginearálta | 11 | | 14,210,645 | | 13,465,517 |
| **Iomlán na gCistí** | | | 18,210,645 | | 17,465,517 |

Is dlúthchuid de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 33 go 38.

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais ar an 24ú Bealtaine 2016 agus síníodh iad thar a ceann ag:

**Gerry Quinn**
Cathaoirleach
**24 Bealtaine 2016**

**Tomás Ó Ruairc**
Stiúrthóir

# Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim


## don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015

| | Nótaí | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|---|
| **Barrachas oibriúcháin a réiteach le glan-insreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas oibriúcháin (roimh ús faighte) | | 692,845 | 1,060,004 |
| Dímheas | 3 | 297,088 | 180,754 |
| Laghdú / (Méadú) ar fhéichiúnaithe | 9 | 18,184 | (48,619) |
| (Laghdú) / Méadú ar chreidiúnaithe | 10 | (43,339) | 52,302 |
| **Glansreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | 964,778 | 1,244,441 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim** | | | |
| Glansreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | 964,778 | 1,244,441 |
| Torthaí ar infheistíochtaí agus fónamh ar airgeadas | 13 | 88,615 | 269,333 |
| Cánachas | 13 | (36,332) | (110,426) |
| Redemption of investment | 8 | 580 | - |
| chas caipitiúil agus infheistíocht airgeadais | 13 | (1,446,737) | (3,969,814) |
| **Méadú ar airgead tirim sa bhliain** | | (429,096) | (2,566,466) |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Glansreabhadh airgid thirim a réiteach le gluaiseachtaí i nglanchistí** | 14 | | |
| (Laghdú)/Méadú ar airgead tirim sa bhliain | | (429,096) | (2,566,466) |
| Glanchistí amhail an 1 Eanáir 2015 | | 13,368,460 | 15,934,926 |
| **Glanchistí amhail an 31 Nollaig 2015** | 14 | 12,939,364 | 13,368,460 |

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais ar an 24ú Bealtaine 2016 agus síníodh iad thar a ceann ag:





**Gerry Quinn**
Cathaoirleach
**24 Bealtaine 2016**

**Tomás Ó Ruairc**
Stiúrthóir

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

**don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015**

## 1. Beartais Chuntasaíochta

### 1.1. Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leo in Éirinn agus Reacht na hÉireann (lena n-áirítear FRS102). Is iad na Caighdeáin Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leo in Éirinn agus ráitis airgeadais á n-ullmhú ina dtugtar léargas fíor cothrom, na caighdeáin arna bhfoilsiú ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais. Is iad seo na chéad ráitis airgeadais a chomhlíonann FRS 102. Ní dhearna an t-aistriú seo go FRS 102 aon difear do staid airgeadais na Comhairle Múinteoireachta.

### 1.2. Ioncam

Is ionann ioncam agus táillí clárúcháin agus measúnaithe a fhaightear i rith na bliana. Tugtar cuntas ar an ioncam/na táillí uile is infhaighte ar bhonn fáltas, seachas ioncam ó athbhreithniú agus creidiúnú chláir oideachais tosaigh múinteoirí, a dhéantar ar bhonn sonraisc. Cláraíonn múinteoirí i rith na bliana agus maireann an clárú 12 mhí. Ní dhéantar ioncam a chur siar leis sin a léiriú. In 2014 cheannaigh an Chomhairle Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad agus tá ioncam cíosa á fháil aici ó thionóntaí an fhoirgnimh. Tá sé seo curtha san áireamh faoi "Ioncam Eile" sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

### 1.3. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímheas

Luaitear na sócmhainní seasta inláimhsithe de réir a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha.

Déantar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe a dhímheas ar rátaí arna ríomh chun costas nó luacháil gach sócmhainne, lúide an luach iarmharach measta, a dhíscríobh go córasach ar feadh a saolré fónta ionchais, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Áitreabh | - | 2.5% de réir méid chothroim |
| Daingneáin agus Feistis | - | 10% de réir méid chothroim |
| Bogearraí Ríomhaire | - | 20% de réir méid chothroim |
| Trealamh Ríomhaire | - | 33.33% de réir méid chothroim |

Déantar luachanna anonn na sócmhainní seasta inláimhsithe a athbhreithniú gach bliain le haghaidh laghdú i dtréimhsí más rud é go dtugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhfuil seans ann nach mbeidh an luach anonn in-aisghabhála.

I rith na bliana cheannaigh an Chomhairle Mhúinteoireachta áitreabh, níor cuireadh an clárú i gcrích go dtí mí Dheireadh Fómhair, toisc nach ndearnadh leithéid dímheasa a mhuirearú le linn na tréimhse. Cuirfear tús leis an dímheas in 2016 ag ráta 10% de réir méid chothroim in aghaidh na bliana.

### 1.4. Infheistíochtaí

Déantar infheistíochtaí sócmhainní seasta a lua mar chostas lúide foráil do laghduithe ar luach. Aithnítear ioncam ó infheistíochtaí sócmhainne seasta airgeadais, agus aon cháin shiarchoinneálach lena mbaineann, sa chuntas ioncaim agus caiteachais don bhliain ina ngnóthaítear é.

### 1.5. Pinsin

Déanann an Chomhairle scéim phinsin le sochar sainithe a fheidhmiú dá cuid fostaithe. Tá an scéim bunaithe ar Shamhail na Seirbhíse Poiblí agus d'fhaomh an tAire Oideachais agus Scileanna agus an tAire Airgeadais í. Déantar sochair phinsin is iníoctha faoin scéim a mhaoiniú as an Státchiste.

Ina theannta sin, tá roinnt saintréithe faoi leith ag socruithe na Comhairle:

- íocann an Chomhairle ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Oideachais agus Scileanna
- tá eilimint fostaí san áireamh sa ranníocaíocht sin i dteannta na heiliminte fostóra. De réir bheartas an Rialtais faoi phinsin san earnáil phoiblí, is ionann ranníocaíocht an fhostóra agus 25% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ag ráta A agus 30% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ag ráta D, agus
- thug an Roinn Oideachais agus Scileanna, le comhaontú na Roinne Airgeadais, gealltanas follasach go n-íocfar costas na sochar as an Státchiste de réir mar a bheidh siad dlite.

Measann an Chomhairle go bhfuil an tionchar airgeadais céanna ag na socruithe pinsin thuas ó thaobh na Comhairle de agus a bheadh ag scéim phinsin le ranníocaíocht shainithe. Tá an Chomhairle den tuairim nach bhfuil forálacha FRS 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, a bhíonn i gceist i gcás scéimeanna le sochair shainithe, feiliúnach dá cuid cúinsí. Dá réir sin, déantar a ranníocaíocht a chuntas amhail is dá mba scéim le ranníocaíocht shainithe í.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

**don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015**

**1.6. Cánachas**

Bunaítear an costas bliantúil cánachais ar ioncam éighníomhach na bliana agus ríomhtar é faoi threoir an ráta cánach atá i bhfeidhm dáta an chláir chomhardaithe.

**1.7. Cúlchistí Ainmnithe**

Chinn an Chomhairle go bhféadfaidh sí, de réir mar is rogha léi féin, suimeanna airgid gan teorainn a chur ar leataobh i gcomhair cúiseanna ainmnithe sa todhchaí. I gcás nach mbeidh gá a thuilleadh leis na cistí seo cuirfear ar ais sa Chúlchiste Ginearálta iad.

## 2. Ioncam

D'eascair ioncam na heagraíochta don bhliain as a príomhghníomhaíocht ar tugadh fúithi go hiomlán in Éirinn.

## 3. Barrachas Oibriúcháin

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Luaitear barrachas oibriúcháin i ndiaidh na nithe seo a leanas a mhuirearú: | | |
| Dímheas | 297,088 | 180,754 |
| Luach Saothair an Iniúchóra | 6,347 | 6,261 |

## 4. Fostaithe

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | Líon | Líon |
| **Líon na bhfostaithe** | | |
| Ba é meánlíon míosúil na bhfostaithe i rith na bliana: | | |
| Fostaithe | 36 | 33 |
| Foireann gníomhaireachta | - | 1 |
| | 36 | 34 |

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Costais fostaíochta** | | |
| Pá agus tuarastail | 1,646,399 | 1,519,324 |
| Costais leasa shóisialaigh | 134,855 | 98,956 |
| Costais ghníomhaireachta | - | 32,903 |
| Costais seirbhísí bainistithe | 731,284 | 622,692 |
| Ilchostais foirne | 14,232 | 11,347 |
| Costais phinsean | 389,620 | 300,800 |
| Costais oiliúna foirne | 67,514 | 83,649 |
| | 2,983,904 | 2,669,671 |

## 5. Costais Pinsean

Is ionann an costas pinsean agus na ranníocaíochtaí is iníoctha leis an gciste pinsin ag an gComhairle.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

**don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015**

## 6. Cánachas

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Cánachas na bliana reatha** | | |
| Cain Ioncaim | 36,332 | 110,426 |

Déantar Sceideal 4 a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 a leasú in Alt 37 den Acht Airgeadais (Uimh. 2), 2013 d'fhonn an Chomhairle Mhúinteoireachta a áireamh sa liosta de chomhlachtaí sonraithe neamhthráchtála atá urraithe ag an Stát agus a cháilíonn do dhíolúine ó fhorálacha áirithe cánach faoi Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. De réir an ailt sin, tá ioncam áirithe a eascraíonn agus ab inmhuirir i leith cáin faoi Chás III, IV, agus V de Sceideal D mura mbeadh an t-alt sin ann, faoi dhíolúine ó cháin ioncaim. Bíonn ús taisce faoi réir cáin choinneála ar ús taisce (DIRT) i gcónaí.

## 7. Sócmhainní Seasta

| | Áitreabh | Daingneáin & Feistis | Bogearraí Ríomhaire | Trealamh Ríomhaire | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2015 | 3,691,937 | 270,274 | 619,109 | 550,452 | 5,131,772 |
| Breiseanna | - | 1,266,841 | 155,026 | 24,870 | 1,446,737 |
| Diúscairtí | - | - | - | - | - |
| Amhail an 31 Nollaig 2015 | 3,691,937 | 1,537,115 | 774,135 | 575,232 | 6,578,509 |
| **Dímheas** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2015 | - | 146,566 | 402,118 | 390,882 | 939,566 |
| Ar dhiúscairtí | - | - | - | - | - |
| Muirear don bhliain | 92,298 | 27,805 | 87,693 | 89,292 | 297,088 |
| Amhail an 31 Nollaig 2015 | 92,298 | 174,371 | 489,811 | 480,174 | 1,236,654 |
| **Glanluachanna Leabhar** | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2015 | 3,599,639 | 1,362,745 | 284,324 | 95,144 | 5,341,855 |
| Amhail an 31 Nollaig 2014 | 3,691,937 | 123,708 | 216,991 | 159,570 | 4,192,206 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

**don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015**

## 8. Infheistíochtaí

| | Infheistíochtaí Liostaithe € | Iomlán € |
|---|---|---|
| **Costas** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2015 | 10,594 | 10,594 |
| Fuascailt i rith na bliana | (580) | (580) |
| Amhail an 31 Nollaig 2015 | 10,014 | 10,594 |
| **Glanluachanna leabhar** | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2015 | 10,014 | 10,014 |
| Amhail an 31 Nollaig 2014 | 10,594 | 10,594 |

Is ionann na hinfheistíochtaí agus stoc agus bannaí éagsúla Rialtais, a bhfuil luach margaidh níos airde orthu ná mar a léirítear thuas.

## 9. Féichiúnaithe

| | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe eile | 59,652 | 77,836 |

Is ionann an figiúr a bhaineann le féichiúnaithe eile agus Scéimeanna Rothaíochta chun na hOibre, úr fabhraithe ar thaiscí agus táillí infhaighte tar éis athbhreithniú agus creidiúnú chláir oideachais tosaigh múinteoirí bheith curtha i gcrích.

## 10. Creidiúnaithe: Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin

| | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| Cánacha eile agus costais slándála sóisialaí | 19,617 | 15,030 |
| Fabhruithe | 120,623 | 168,549 |
| | 140,240 | 183,579 |

San áireamh sna cánacha eile agus sna costais slándála sóisialaí:

| | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| ÍMAT / ÁSPC | 54 | (588) |
| PSWT | 19,563 | 15,618 |
| | 19,617 | 15,030 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

**don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015**

## 11. Cúlchistí

| | Cúlchiste ginearálta € | Cúlchiste ainmnithe € | Iomlán € |
|---|---|---|---|
| **Cúlchistí Tosaigh** | 13,465,517 | 4,000,000 | 17,465,517 |
| Barrachas don bhliain | 745,128 | - | 745,128 |
| **Cúlchistí Deiridh** | 14,210,645 | 4,000,000 | 18,210,645 |

De réir straitéis airgeadais na Comhairle, bunaíodh na cúlchistí ainmnithe mar chiste teagmhais chun aon chostas mór a ghlanadh a d'fhéadfadh éirí as agóidí dlíthiúla a bheith tugtha in aghaidh aon chuid den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 agus as aon rialú de chuid na Comhairle. De réir bheartas cuntasaíochta na Comhairle, i gcás nach mbeidh gá a thuilleadh leis na cistí seo cuirfear ar ais sa chúlchiste ginearálta iad.

## 12. Idirbhearta Páirithe Gaolmhara

De réir an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, tá comhaltaí na Comhairle i dteideal aisíocaíocht a fháil i leith na gcostas a thabhaíonn siad de riachtanas agus iad i mbun obair na Comhairle nó i mbun obair Choistí na Comhairle. Ní mór do na comhaltaí, ar múinteoirí iad, a gclárú a athnuachan gach bliain chomh maith. Déantar na hidirbhearta uile ar neamhchomaoin agus tá siad san áireamh sna ráitis airgeadais seo.

## 13. Ollsreafaí Airgid Thirim

| | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| **Torthaí ar Infheistíochtaí agus Fónamh ar Airgeadas** | | |
| Ús faighte | 88,615 | 269,333 |
| **Cánachas** | | |
| Cáin Ioncaim íoctha | (36,332) | (110,426) |
| **Caiteachas Caipitiúil agus Infheistíocht Airgeadais** | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní inláimhsithe a fháil | (1,446,737) | (3,969,814) |

## 14. Anailís ar Athruithe i nGlanchistí


| | Iarmhéid tosaigh € | Sreafaí airgid thirim € | Iarmhéid deiridh € |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | 13,368,460 | (429,096) | 12,939,364 |
| Glanchistí | 13,368,460 | (429,096) | 12,939,364 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

**don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015**

## 15. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 24ú Bealtaine 2015 agus síníodh iad thar a ceann ag:



**Gerry Quinn**
Cathaoirleach



**Tomás Ó Ruairc**
Stiúrthóir

# Aguisín 2

## Comhaltaí na Comhairle Múinteoireachta

**amhail an 27 Márta 2016**

Tá 37 comhalta ar an gComhairle Mhúinteoireachta, mar seo a leanas:

- 11 mhúinteoir bunscoile (naonúr atá tofa agus beirt atá ainmnithe ag ceardchumainn na múinteoirí)
- 11 mhúinteoir iarbhunscoile (seachtar atá tofa agus ceathrar atá ainmnithe ag
- ceardchumainn na múinteoirí)
- beirt atá ainmnithe ag coláistí oideachais
- beirt atá ainmnithe ag comhlachtaí tríú leibhéal sonraithe
- ceathrar atá ainmnithe ag bainistíocht scoile (beirt ag leibhéal na bunscoile agus beirt ag leibhéal na hiarbhunscoile)
- beirt atá ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí (duine amháin ag leibhéal na bunscoile agus duine amháin ag leibhéal na hiarbhunscoile) agus
- cúigear atá ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna (lena n-áirítear duine amháin chun ionadaíocht a dhéanamh do IBEC agus duine amháin chun ionadaíocht a dhéanamh do ICTU).

Téarma oifige na Comhairle is ea idir an 28 Márta 2012 agus an 27 Márta 2016. Bhuail an Chomhairle le chéile naoi n-uaire le linn na bliana, agus taispeántar tinreamh gach comhalta sa tábla thíos.

| Ainm | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Michael Barry, Uasal | 8 |
| Noel Buckley, Uasal | 9 |
| Kieran Christie, Uasal | 9 |
| An Dr Marie Clarke, Uasal | 5 |
| Eimear Cole, Uasal | 5 |
| John Conlon, Uasal | 4 |
| Lily Cronin, Uasal | 9 |
| Derbhile De Paor, Uasal | 7 |
| Elaine Devlin, Uasal | 8 |
| An Dr Ken Fennelly, Uasal | 3 |
| Eileen Flynn, Uasal | 8 |
| An tOll. Michael Hayes, Uasal | 7 |
| Marie Humphries, Uasal | 8 |
| Declan Kelleher, Uasal | 9 |
| Mary Kelly, Uasal | 5 |
| Áine Lynch, Uasal | 8 |
| Christopher Maginn, Uasal | 7 |
| An Dr Deirdre Mathews, Uasal | 9 |
| Brendan McCabe, Uasal | 7 |
| Fergal McCarthy, Uasal | 8 |

| Ainm | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Anne McElduff, Uasal | 9 |
| An Dr Andrew McGrady | 8 |
| Marie McLoughlin, Uasal | 4 |
| Patsy McVicar, Uasal | 6 |
| Dympna Mulkerrins, Uasal | 6 |
| Brid Ní Raghallaigh, Uasal | 7 |
| Micheál Ó Gríofa, Uasal | 8 |
| Diarmuid Ó Murchú, Uasal | 5 |
| Kathleen O'Connor, Uasal | 8 |
| An Dr Joe O'Hara, Uasal | 6 |
| Bernadine O'Sullivan, Uasal | 8 |
| Eleanor Petrie, Uasal | 4 |
| Bernie Ruane, Uasal | 9 |
| Joan Russell, Uasal | 7 |
| Don Ryan, Uasal | 8 |
| Frank Turpin, Uasal | 6 |
| Milo Walsh, Uasal | 7 |

# Aguisín 3

# Coistí agus painéil

**Bhunaigh an Chomhairle roinnt coistí agus painéal chun cabhrú léi a cuid oibre a dhéanamh.**

## AN COISTE FEIDHMIÚCHÁIN

Déanann an Coiste Feidhmiúcháin feidhmiú éifeachtúil éifeachtach na Comhairle a éascú trí ghnó na Comhairle a stiúradh idir cruinnithe ginearálta.

Bhuail an Coiste le chéile seacht n-uaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas 11 chomhalta an choiste amhail an 27 Márta 2016:

| Ainm | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Michael Barry, Uasal | 7 |
| An tOll Michael Hayes, Uasal | 5 |
| An Dr Deirdre Mathews, Uasal | 7 |
| Brendan McCabe, Uasal | 6 |
| Fergal McCarthy, Uasal | 7 |
| Anne McElduff, Uasal | 7 |
| Micheál Ó Gríofa, Uasal | 7 |
| Bernadine O'Sullivan, Uasal | 7 |
| Bernie Ruane, Uasal | 7 |
| Joan Russell, Uasal | 6 |
| Milo Walsh, Uasal | 7 |

## AN COISTE IMSCRÚDAITHE

Nuair a chuirfear tús feidhme le Cuid 5 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta féadfaidh an Chomhairle nó duine ar bith iarratas a dhéanamh chuig an gCoiste Imscrúdaithe ar fhiosrú a dhéanamh ar mhúinteoir cláraithe i ndáil le feidhmiúlacht chun múineadh.

Bhuail an Coiste le chéile ocht n-uaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas 11 chomhalta an choiste amhail an 27 Márta 2016:

| Ainm | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Eimear Cole, Uasal | 5 |
| Elaine Devlin, Uasal | 8 |
| Brendan McCabe, Uasal | 7 |
| Fergal McCarthy, Uasal | 7 |
| Marie McLoughlin, Uasal | 4 |
| Dympna Mulkerrins, Uasal | 8 |
| Brid Ní Raghallaigh, Uasal | 6 |
| Bernadine O'Sullivan, Uasal | 6 |
| Eleanor Petrie, Uasal | 7 |
| Bernie Ruane, Uasal | 7 |
| Joan Russell, Uasal | 8 |

## AN COISTE ARAÍONACHTA

Déanfaidh painéal ón gCoiste Araíonachta éisteacht a reáchtáil maidir le gearáin a chuireann an Coiste Imscrúdaithe chuige.

Bhuail an Coiste le chéile ocht n-uaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas 13 chomhalta an choiste amhail an 27 Márta 2016:

| Ainm | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| An Dr Marie Clarke, Uasal | 3 |
| Lily Cronin, Uasal | 7 |
| Derbhile De Paor, Uasal | 7 |
| Eileen Flynn, Uasal | 6 |
| Marie Humphries, Uasal | 5 |
| Declan Kelleher, Uasal | 7 |
| Áine Lynch, Uasal | 5 |
| Christopher Maginn, Uasal | 8 |
| Patsy McVicar, Uasal | 7 |
| Micheál Ó Gríofa, Uasal | 7 |
| Don Ryan, Uasal | 7 |
| Frank Turpin, Uasal | 6 |
| Milo Walsh, Uasal | 8 |

## AN COISTE CLÁRÚCHÁIN

Cuireann an Coiste Clárúcháin comhairle ar an gComhairle agus tugann sé moltaí di faoi gach réimse a bhaineann le múinteoirí a chlárú leis an gComhairle.

Bhuail an Coiste le chéile dhá huaire dhéag le linn na bliana agus is iad seo a leanas 13 chomhalta an choiste amhail an 27 Márta 2016:

| Ainm | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Michael Barry, Uasal | 11 |
| Eimear Cole, Uasal | 7 |
| Lily Cronin, Uasal | 10 |
| An Dr Ken Fennelly, Uasal | 8 |
| Marie Humphries, Uasal | 11 |
| Mary Kelly, Uasal | 8 |
| An Dr Deirdre Mathews, Uasal | 10 |
| Fergal McCarthy, Uasal | 9 |
| An Dr Andrew McGrady, Uasal | 11 |
| Patsy McVicar, Uasal | 11 |
| Dympna Mulkerrins, Uasal | 11 |
| Diarmuid Ó Murchú, Uasal | 11 |
| An Dr Joe O'Hara, Uasal | 9 |

## GRÚPA ATHBHREITHNITHE AR CHLÁRÚ

Suíonn an Coiste Clárúcháin mar Ghrúpa Athbhreithnithe ar Chlárú i gcásanna nach bhfuil múinteoirí sásta le toradh faoi chinneadh a dhéanann Painéal agus iarrann siad go ndéanfar athbhreithniú ar an gcinneadh tosaigh. Tháinig an grúpa le chéile naoi n-uaire le linn na bliana. Tarraingíonn baill den choiste a raibh baint acu le cinneadh an phainéil nó a bhfuil coimhlint leasa acu siar ón gcruinniú.

## AN COISTE AIRGEADAIS

Déanann an Coiste Airgeadais maoirseacht ar chúrsaí airgeadais na Comhairle.

Bhuail an Coiste le chéile cúig huaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas seisear comhaltaí an choiste amhail an 27 Márta 2016:

| Ainm | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| John Conlon, Uasal | 2 |
| An tOll. Michael Hayes, Uasal | 3 |
| Christopher Maginn, Uasal | 5 |
| Joan Russell, Uasal | 4 |
| Don Ryan, Uasal | 5 |
| Frank Turpin, Uasal | 3 |
| Milo Walsh, Uasal | 5 |

## AN COISTE OIDEACHAIS

Tá sé de fhreagracht ar an gcoiste seo moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le beartas a bhaineann leis an leanúntas in oideachas múinteoirí.

Bhuail an Coiste le chéile seacht n-uaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas 13 chomhalta an choiste amhail an 27 Márta 2016:

| Ainm | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Noel Buckley, Uasal | 7 |
| Kieran Christie, Uasal | 4 |
| An Dr Marie Clarke, Uasal | 3 |
| Derbhile De Paor, Uasal | 7 |
| Declan Kelleher, Uasal | 6 |
| Mary Kelly, Uasal | 6 |
| Fergal McCarthy, Uasal | 7 |
| An Dr Andrew McGrady, Uasal | 4 |
| Marie McLoughlin, Uasal | 4 |
| Patsy McVicar, Uasal | 7 |
| Kathleen O'Connor, Uasal | 5 |
| An Dr Joe O'Hara, Uasal | 5 |
| Don Ryan, Uasal | 7 |

## AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Déanann an Coiste Iniúchóireachta monatóireacht ar chórais, rialuithe airgeadais agus nósanna imeachta na Comhairle chun a chinntiú go n-oibríonn siad ar bhealach ordúil, éifeachtúil.

Bhuail an Coiste le chéile seacht n-uaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas cúigear comhaltaí an choiste amhail an 27 Márta 2016:

| Ainm | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Mr John Conlon | 2 |
| Ms Elaine Devlin | 7 |
| Ms Marie Humphries | 4 |
| Dr Deirdre Mathews | 7 |
| Ms Joan Russell | 6 |

## AN PAINÉAL FIANAISE AR CHARACHTAR

Déanann Painéal Fianaise ar Charachtar na Comhairle measúnú ar an bhfianaise ar charachtar a sholáthraíonn iarratasóirí atá ag iarraidh clárú mar mhúinteoirí leis an gComhairle.

Bhuail an Painéal le chéile naoi n-uaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas seachtar comhaltaí an choiste amhail an 27 Márta 2016:

| Ainm | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Elaine Devlin, Uasal | 9 |
| Eileen Flynn, Uasal | 9 |
| Dympna Mulkerrins, Uasal | 9 |
| Kathleen O'Connor, Uasal | 8 |
| Eleanor Petrie, Uasal | 7 |
| Joan Russell, Uasal | 9 |
| Don  Ryan, Uasal | 8 |

## AN PAINÉAL UM IARRATAIS IARBHUNLEIBHÉIL

Déanann an painéal seo athbhreithniú ar mholtaí ón bhfoireann agus/nó ó mheasúnóirí seachtracha i ndáil le hoiriúnacht, chun críocha clárúcháin, cáilíochtaí iarratasóirí atá ag iarraidh clárú don earnáil iarbhunoideachais. Tugann sé tuairisc don Choiste Clárúcháin.

Bhuail an Painéal le chéile ocht n-uaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas seisear comhaltaí an choiste amhail an 27 Márta 2016:

| Ainm | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Noel Buckley, Uasal | 8 |
| Kieran Christie, Uasal | 5 |
| Declan Kelleher, Uasal | 6 |
| Patsy McVicar, Uasal | 8 |
| Bernadine O'Sullivan, Uasal | 7 |
| Bernie Ruane, Uasal | 5 |

## AN PAINÉAL UM IARRATAIS BHUNLEIBHÉIL

Déanann an painéal seo athbhreithniú ar mholtaí ón bhfoireann agus/nó ó mheasúnóirí seachtracha i ndáil le hoiriúnacht, chun críocha clárúcháin, cáilíochtaí iarratasóirí atá ag iarraidh clárú don earnáil bhunoideachais. Tugann sé tuairisc don Choiste Clárúcháin.

Bhuail an Painéal le chéile ocht n-uaire le linn na bliana agus is iad seo a leanas seachtar comhaltaí an choiste amhail an 27 Márta 2016:

| Ainm | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| John Conlon, Uasal | 3 |
| An Dr Ken Fennelly, Uasal | 7 |
| Mr Christopher Maginn, Uasal | 6 |
| Brendan McCabe, Uasal | 6 |
| Marie McLoughlin, Uasal | 4 |
| Brid Ní Raghallaigh, Uasal | 6 |
| Diarmuid Ó Murchú, Uasal | 5 |

Go déanach in 2015 leathnaíodh amach ról na bPainéal um Iarratais Bhunoideachais agus Iarbhunoideachais chuig na clárúcháin choinníollacha a mheas. Tháinig siad le chéile ocht n-uaire le hathbhreithniú a dhéanamh ar chásanna ar leith agus lena meas i ndáil le múinteoirí nár thug faoi na coinníollacha a bhí ceangailte lena gclárúcháin laistigh den tréimhse ama a tugadh.

# Aguisín 4

## Costais chomhaltaí na Comhairle 2015

Íoctar costais le comhaltaí na Comhairle i leith taisteal ó áit chónaithe nó áit oibre an chomhalta go dtí cruinnithe a bhaineann leis an gComhairle. Ní íoctar táillí ar bith le comhaltaí na Comhairle taobh amuigh de chostais taistil agus cothabhála.

Leagtar amach sa tábla seo mionsonraí na gcostas taistil agus cothabhála a íocadh le comhaltaí na Comhairle le linn bhliain airgeadais 2015.

Ní bhaineann líon na gcruinnithe a luaitear sa cholún deiridh ach le cruinnithe Comhairle agus Coiste. D'fhéadfadh gur fhreastail comhaltaí an Choiste ar chruinnithe eile thar ceann na Comhairle le linn na bliana. Mar shampla, ghlac roinnt comhaltaí den Chomhairle páirt i bpainéil athbhreithnithe nó rinne siad ionadaíocht don Chomhairle ag cruinnithe agus comhdhálacha seachtracha.

| Ainm | Líon iomlán na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu | Costais a éilíodh |
|---|---|---|
| Michael Barry, Uasal | 38 | €9,728 |
| Noel Buckley, Uasal | 31 | €7,948 |
| Kieran Christie, Uasal | 21 | €4,746 |
| An Dr Marie Clarke, Uasal | 13 | €350 |
| Eimear Cole, Uasal | 23 | €808 |
| John Conlon, Uasal | 14 | €3,091 |
| Lily Cronin, Uasal | 31 | €9,733 |
| Derbhile De Paor, Uasal | 19 | €2,991 |
| Elaine Devlin, Uasal | 29 | €2,879 |
| An Dr Ken Fennelly, Uasal | 17 | - |
| Eileen Flynn, Uasal | 23 | €814 |
| An tOll. Michael Hayes, Uasal | 16 | €3,336 |
| Marie Humphries, Uasal | 30 | €1,162 |
| Declan Kelleher, Uasal | 27 | €6,421 |
| Mary Kelly, Uasal | 21 | €1,395 |
| Áine Lynch, Uasal | 12 | - |
| Christopher Maginn, Uasal | 28 | €1,463 |
| An Dr Deirdre Mathews, Uasal | 38 | - |
| Brendan McCabe, Uasal | 23 | €1,251 |

| Ainm | Líon iomlán na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu | Costais a éilíodh |
|---|---|---|
| Fergal McCarthy, Uasal | 38 | €11,483 |
| Anne McElduff, Uasal | 17 | €1,352 |
| An Dr Andrew McGrady, Uasal | 27 | €1,300 |
| Marie McLoughlin, Uasal | 17 | €197 |
| Patsy McVicar, Uasal | 38 | €13,594 |
| Dympna Mulkerrins, Uasal | 37 | €1,374 |
| Brid Ní Raghallaigh, Uasal | 18 | €3,007 |
| Micheál Ó Gríofa, Uasal | 35 | €3,608 |
| Diarmuid Ó Murchú, Uasal | 22 | €3,470 |
| Kathleen O'Connor, Uasal | 20 | €2,358 |
| An Dr Joe O'Hara, Uasal | 22 | €808 |
| Bernadine O'Sullivan, Uasal | 33 | €1,482 |
| Eleanor Petrie, Uasal | 16 | €1,033 |
| Bernie Ruane, Uasal | 27 | €7,825 |
| Joan Russell, Uasal | 37 | €6,567 |
| Don Ryan, Uasal | 34 | €9,152 |
| Frank Turpin, Uasal | 16 | €513 |
| Milo Walsh, Uasal | 32 | €6,558 |

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Bloc A, Campus Gnó Mhaigh Nuad,
Maigh Nuad, Co. Chill Dara, W23 Y7X0, Éire

Teileafón +353 1 651 7900
R-phost info@teachingcouncil.ie

www.teachingcouncil.ie

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council